

Comhphrótacal Oibre d'Idirchaidreamh idir An Garda Síochána/ Tusla agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

.....

Children
First




TUSLA
An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



Clár Ábhar

1. Réamhrá	1
2. Sainordú Dílíthiúil	2
3. Saghsanna Mí-Úsáide	3
3.1 An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015	3
3.2 <i>Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí</i> (2017)	3
3.3 Leas Leanaí	4
4. Fógraí a thugann Tusla don Gharda Síochána	4
4.1 Cásanna is gá do Tusla a Thabhairt le Fios don Gharda Síochána go Foirmiúil	4
4.2 Nós Imeachta Tusla chun an Garda Síochána a Chur ar an Eolas ar Bhuarthaí um Chosaint agus Leas Leanaí	6
4.3 Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil	6
4.4 Idirghabháil Éigeandála	7
5. Fógraí a thugann an Garda Síochána do Tusla	7
5.1 Cásanna a Thug an Garda Síochána le Fios go Foirmiúil do Tusla	7
5.2 Nós Imeachta an Gharda Síochána chun Tusla a Chur ar an Eolas ar Bhuarthaí um Chosaint agus Leas Leanaí	8
5.3 Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil	9
5.4 Idirghabháil Éigeandála	9
6. Ról an Gharda Imscrúdaithe agus an Oibrí Shóisialta	10
6.1 Ról an Gharda Imscrúdaithe	10
6.2 Ról an Oibrí Shóisialta	11
7. Ag Oibriú le Leanaí agus a dTeaghlaigh – Na Comharthaí Sábháilteachta	13
7.1 Cur Chuige na gComharthaí Sábháilteachta	13
7.2 Modh na gComharthaí Sábháilteachta	13
7.3 Measúnú na gComharthaí Sábháilteachta	13
8. Rúndacht agus Roinnt Faisnéise	14
9. Idirchaidreamh Leanúnach Bainistíochta Cáis	15
9.1 Córais Rianaithe agus Coimeád Taifead	15
9.2 Plé agus Cruinnithe Straitéise	16



10. Idirchaidreamh idir an Garda Síochána agus Tusla	19
10.1 Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh	19
10.2 Fóram Idirchaidrimh na Bainistíochta Sinsearaí Áitiúla	20
10.3 Coiste Náisiúnta Bainistíochta Idirchaidrimh um Thús Áite do Leanaí	21
10.4 An Coiste Náisiúnta Idirchaidrimh Straitéisigh um Chosaint Leanaí (NCSSLC)	22
11. Idirchaidreamh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí	23
12. Sain-Chomh-Agallóireacht a Dhéanamh ar Leanaí	23
13. Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991	24
14. Breithniúcháin Speisialta	25
14.1 Drochíde sa Teaghlach	25
14.2 Teach i dTír Gnéasach Eagraithe ar Leanaí	25
14.3 Aois Toilithe	27
14.4 Toircheas faoi Aois	28
14.5 Nochtadh Siarghabhálach ag Daoine Fásta	28
15. Cosaint Leanaí i mBaol i Limistéir Eile	29
15.1 Socruithe chun Leanaí a Chosaint atá i mBaol go Leanúnach atá ag Aistriú chuig Limistéir nó Dlínsí Eile	29
15.2 Socruithe chun Leanaí a Chosaint atá i mBaol a thagann go hÉire ar Imirce ó Dhlínse Eile	29
16. Athbhreithniú	30
Aguisíní	
Aguisín 1: Foirm Fógra an Gharda Síochána don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	32
Aguisín 2: Foirm Fógra na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach don Garda Síochána	36
Aguisín 3: Foirm Ghníomhartha na Gníomhaireachta/an Gharda Síochána	40

1. Réamhrá

Is iad Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus an Garda Síochána na príomhghníomhaireachtaí a mbronntar cumhacht orthu faoin dlí chun tabhairt faoi mheasúnuithe agus imscrúduithe, faoi seach, ar mhí-úsáid agus faillí amhrasta i leanaí. Bainistíonn gach gníomhaireacht an fhreagracht laistigh dá sainchúram agus tá a gcomhiarrachtaí in ainm is a chinntiú go dtugtar tús áite do chosaint agus leas leanaí. Teastaíonn tuiscint chúramach óna ról ar leith agus chomhlántacha d’fhonn go ndéantar na comhchuspóirí um chosaint leanaí a bhaint amach.

Tá sé bunriachtanach go gcomhordaítear fiosrúcháin a dhéanann Tusla agus an Garda Síochána d’fhonn an méid seo a leanas a chinntiú:

- ⇒ Cuirtear sábháilteacht agus leas linbh chun cinn;
- ⇒ Déantar gach rud is féidir chun cabhrú leis an imscrúdú coiriúil;
- ⇒ Déantar gach rud is féidir chun cabhrú leis an measúnú ar chosaint agus leas leanaí;
- ⇒ Tá sreabhadh éifeachtach d’fhaisnéis ábhartha idir an dá ghníomhaireacht;
- ⇒ Cloíonn cinntí agus gníomhartha leis an gcomhairliúchán le agus idir an dá ghníomhaireacht;

Cruthaíonn comhoibriú idir Tusla agus an Garda Síochána cuid lárnach den tseirbhís um chosaint agus leas leanaí. Díríonn Tusla go sonrach ar mheasúnú a dhéanamh ar chosaint agus leas leanaí. Is é feidhm an Gharda Síochána a bhaineann le mí-úsáid agus faillí i leanaí chun saol a chaomhnú; cearta daonna gach duine aonair a dheimhniú; agus cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú agus a bhrath. Déanann Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh (féach alt 10.1 den cháipéis seo) maoirseacht ar idirchaidreamh idirghníomhaireachta idir an Garda Síochána agus Tusla, a chinntíonn go gcoimeádtar an t-idirchaidreamh agus go dtugtar freagairt chuí ar gach buairt faoi chosaint agus leas leanaí a thugtar le fios.

Tá de chuspóir na cáipéise seo a leagan amach na tascanna éagsúla faoina dtugann Oibrithe Sóisialta in Tusla agus ról agus oibleagáidí an Gharda Síochána chun leanaí a chosaint Leagfar amach ann, chomh maith, na comhnósanna imeachta faoina dtabharfar. Ba cheart an cháipéis seo a léamh i gcomhar le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017)*.

2. Sainordú Dlíthiúil

Oibríonn Oibrithe Sóisialta i gcomhlíonadh an Achta fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus an Achta um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú, arb iad na príomhfhorálacha um chosaint agus leas leanaí díobh:

- ⇒ Dualgas reachtúil a leagan ar Tusla chun forbairt, leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á soláthar dóibh a shine le haois 18 mbliana;
- ⇒ Neartú chumhachtaí Tusla chun seirbhísí cúram leanaí agus tacaíochta teaghlaigh a sholáthar;
- ⇒ Feabhsú na nósanna imeachta chun idirghabháil láithreach a éascú ag Tusla agus an Garda Síochána nuair a bhíonn leanaí i mbaol;
- ⇒ Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha lena chur ar chumas na Cúirte chun leanaí a rinneadh a ionsaí, ar caitheadh go dona leo, a ndearnadh failí orthu nó ar baineadh drochúsáid ghnéasach astu nó atá i mbaol, i gcúram nó faoi mhaoirseacht Tusla.

Is é feidhm an Gharda Síochána, faoi mar a fhoráiltear in Alt 7(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, is “seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar, seirbhísí grinnfhiosrúcháin ina measc don Stát a bhfuil de chuspóir acu:

- (a) An tsíocháin agus ord poiblí a chaomhnú,
- (b) Beatha agus maoin a chosaint,
- (c) Cearta daonna gach duine aonair a dheimhniú,
- (d) Slándáil an Stáit a chosaint,
- (e) Cosc a chur ar choireacht,
- (f) An dlí a chur ar choirpigh, tríd an gcoireacht a bhrath agus a imscrúdú, agus
- (g) Trácht ar bhóithre a rialáil agus rialú agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre.”

De réir Alt 7(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, déanfaidh an Garda Síochána, chun críche an cuspóir thuasluaite a bhaint amach, “comhoibriú, de réir mar is cuí, le Ranna Stáit, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile a bhfuil freagracht orthu, de réir an dlí, as aon cheist a bhaineann le haon ghné den chuspóir sin.”

Bronntar cumhachtaí áirithe ar an nGarda Síochána de bhun an Achta um Chúram Leanaí, 1991 chun cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn, ina measc leanaí a thabhairt chun sábháilteachta gan bharántas (Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991).

Ceanglaítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ar dhaoine faoi shainordú chun saghsanna áirithe de mhí-úsáid leanaí a thabhairt le fios do Tusla. I gcomhréir le hAlt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, daoine faoi shainordú iad comhaltaí uile an Gharda Síochána.

3. Saghsanna Mí-Úsáide

3.1 An Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar “díobháil” maidir le leanbh:

- (a) “ionsaí, drochíde nó faillí a dhéanamh ar an leanbh ar bhealach a dhéanann difear nó ar dóchúil go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó
- (b) drochúsáid ghnéasach an linbh

cé acu más gníomh aonair, easnamh nó cúinse nó sraith nó meascán de ghníomhartha, easnaimh nó cúinsí, nó rudaí eile is cúis leis.”

3.2 Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017)

Tugtar sainmhíniú in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017) ar na ceithre chatagóir seo a leanas de mhí-úsáid leanaí:

1. **Faillí:** Titeann faillí amach nuair nach dtugtar dóthain aire do leanbh nó nach ndéantar maoirseacht dhóthanach air/uirthi sa mhéid go ndéantar díobháil fhisiciúil nó forbartha don leanbh. Déantar sainmhíniú ginearálta air i dtaobh easnamh cúraim, sa chás go mbaintear de shláinte, forbairt nó leas linbh mar gheall nach bhfuil bia, éadach, teas, sláinteachas, cúram leighis, spreagadh intleachtúil nó maoirseacht agus sábháilteacht curtha ar fáil dó/di. D’fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ceana ag an leanbh mar gheall ar fhaillí mhothúchánach, chomh maith. Imríonn réimse tosca tionchar ar an méid díobhála a dhéantar do shláinte, forbairt nó leas an linbh. Áirítear leis na tosca seo méid an tionchair dhearfai, más ann dó, a imrítear ar shaol an linbh, anuas ar aois an linbh agus minicíocht agus comhsheasmhacht na faillí.
2. **Mí-Úsáid mhothúchánach:** Seo drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch a dhéanamh ar leanbh mar chuid den ghaol foriomlán idir cúramóir agus leanbh. Ní mheastar gurb ionann deacrachtaí aonuaire agus ócáideach idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh agus mí-úsáid mhothúchánach. Titeann mí-úsáid amach nuair nach bhfreastalaíonn a dtuismitheoir nó cúramóir ar bhunriachtanais linbh maidir le haird, gean, faomhadh, comhsheasmhacht agus slándáil,

mar gheall ar éagumas nó neamhshuim. Féadfaidh mí-úsáid mhothúcháinach titim amach, chomh maith, nuair nach mbíonn tuismitheoirí atá freagrach as cúram a thabhairt do leanaí ar an eolas ar agus neamhábalta (ar roinnt cúiseanna) chun freastal ar riachtanais mhothúcháin agus forbartha a leanaí. Ní furasta mí-úsáid mhothúcháinach a aithint mar gheall nach furasta an tionchar a thabhairt faoi deara.

- 3. Mí-Úsáid fhisiciúil:** Is éard atá i gceist leis seo ná nuair a ghortaíonn duine leanbh go fisiciúil nó nuair a chuirtear iad i mbaol iad a ghortú go fisiciúil d'aon turas. D'fhéadfadh sé tarlú mar theagmhas aonair nó mar phatrún teagmhas. Is ann do bhuaire réasúnta nuair atá, más féidir, nó a rinneadh díobháil do shláinte agus/nó forbairt an linbh, mar thoradh ar mhí-úsáid fhisiciúil amhrasta.
- 4. Drochúsáid ghnéasach:** Titeann seo amach nuair a úsáideann duine eile leanbh ar mhaithe lena shásamh nó lena sásamh nó lena spreagadh, nó le sásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear leis go mbíonn baint ag an leanbh i ngníomhartha gnéasacha (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó gníomhaíocht ghnéasach a nochtadh don leanbh go díreach nó trí phornagrafaíocht.

3.3 Leas Leanaí

Is iomaí cás nach ionann iad agus mí-úsáid leanaí, ach sa chás go meastar go n-imríonn fadhb a mbíonn an leanbh, nó teaghlach linbh thíos leis go díreach, tionchar diúltach ar shláinte, forbairt agus leas an linbh agus go dteastaíonn measúnú agus tacaíocht uaidh ó Tusla.

4. Fógraí a thugann Tusla don Gharda Síochána

4.1 Cásanna is gá do Tusla a Thabhairt le Fios don Gharda Síochána go Foirmiúil

Nuair a bhíonn amhras ar Oibrí Sóisialta go ndearnadh nó go bhfuil mí-úsáid fhisiciúil nó ghnéasach á baint as leanbh nó go bhfuil faillí thoiliúil á déanamh ann/inti, caithfear an Garda Síochána a chur ar an eolas go fisiciúil gan mhoill. Ní bhítear ag súil leis go gcuireann an tOibrí Sóisialta cásanna amhrasta de mhí-úsáid mhothúcháinach neamhthoiliúil nó d'fhaillí imthoisceach in iúl don Gharda Síochána go rialta mar gheall go bhféadfadh nach ionann cúinsí na gcásanna siúd agus gníomhartha coiriúla. D'fhéadfadh gurb ionann roinnt cásanna faillí agus mí-úsáide mothúcháin, áfach, agus ciontú coiriúil.

Is ionann faillí thoiliúil agus cion in aghaidh Alt 246 (1) agus (5) d'Acht na Leanaí, 2001.

D'fhéadfadh gurbh ionann mí-úsáid mhothúchánach a dhéanann duine ag a bhfuil caomhnóireacht, ceannas nó cúram linbh agus cion coiriúil in aghaidh Alt 246(1), (6) agus (7) d'Acht na Leanaí, 2001, sna cásanna seo a leanas:

- ⇒ Tá drochíde thoiliúil á déanamh ar an leanbh sin (lena n-áirítear eagla a chur ar an leanbh, bulaíocht a dhéanamh ar an leanbh nó bagairt a dhéanamh ar an leanbh ar bhealach is dóchúil a imreoidh tionchar tromchúiseach ar fholláine an linbh, sláinte nó folláine mheabhrach nó mhothúchánach an an linbh ina measc);
- ⇒ Déantar drochíde ar an leanbh sin, nochtar drochíde don leanbh sin, tugtar drochíde don leanbh sin nó ceadaítear drochíde a dhéanamh ar an leanbh sin ar bhealach ar bhealach is dóchúil a imreoidh tionchar tromchúiseach ar fholláine an linbh.

I gcásanna amhrais, rachaidh an tOibrí Sóisialta i gcomhairle go neamhfoirmiúil leis an nGarda Síochána maidir le cé acu an mbeadh nó nach mbeadh fógra cuí. Cinnteoidh Oibríthe Sóisialta agus comhaltaí an Gharda Síochána go gcuirtear sonraí faoi aon chomhairliúchán neamhfoirmiúil i dtaifead.

B'fhéidir go mbeidh orthu dul i gcomhairle le pearsanra eile gairmiúil laistigh de Tusla agus, sa chás gur cuí, i ngníomhaireachtaí seachtracha mar chuid den phróiseas lena mbaineann a dheimhniú cé acu an nó nach ann d'fhorais le bheith in amhras ar an mí-úsáid sin. Níor cheart go bhfanfadh an tOibrí Sóisialta go ndeimhniú aonad measúnaithe ar mhí-úsáid leanaí nó aonad eile mhí-úsáid siúd, sula gcuirtear an Garda Síochána ar an eolas. Ina thaobh seo, caithfidh Tusla aon cheanglais faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Leochaileacha a Shiarchoinneáil), 2012 a chomhlíonadh, chomh maith.

I gcomhréir le hAlt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Leochaileacha a Shiarchoinneáil), 2012, caithfidh aon duine, Oibrí Sóisialta Tusla ina measc:

- ⇒ arb eol dó/di nó a chreideann go ndearna duine eile cion, arb ionann agus cion Sceideal 1 é, in aghaidh linbh, agus
- ⇒ a bhfuil faisnéis aige nó aici is eol dó/di nó a chreideann a bhféadfadh bheith ina chúnaimh ábhartha chun gabháil, ionchúiseamh nó ciontú an duine eile sin don chion sin a bhaint amach”

an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta, do chomhalta den Gharda Síochána. Úsáidfidh Tusla 'Foirm Fógra na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach don Gharda Síochána (Aguisín 2) don chuspóir seo.

4.2 Nós Imeachta Tusla chun an Garda Síochána a Chur ar an Eolas ar Bhuarthaí faoi Chosaint agus Leas Leanáí

The procedure for Tusla to notify An Garda Síochána of a suspected case of emotional, physical or sexual abuse, or intentional neglect of a child is as follows:

- ⇒ Déanann an tOibrí Sóisialta, i gcomhairle leis an gCeann Foirne Oibre Sóisialta, cinneadh ar na cásanna ar cuí an Garda Síochána a chur ar an eolas orthu.
- ⇒ Seolann an Ceann Foirne Oibre Sóisialta in Tusla an Fhoirm Fógra (Aguisín 2) chuig an gCeannfort Garda atá freagrach as an gCeantar inar thit an teagmhas a thuairiscítear amach. Sa chás go mbíonn breis agus leanbh amháin bainteach, caithfear Foirm Fógra ar leith a sheoladh i dtaca le gach leanbh. Coimeádfar cóip ar i gcomhad an linbh. Tá an tOibrí Sóisialta a láimhseálann an cás (nó duine ainmnithe eile) is ainmnithe ar an bhfoirm.
- ⇒ Nuair a fhaightear an Fhoirm Fógra (Aguisín 2), socraíonn an Ceannfort Garda go gceapfar Garda imscrúdaithe agus cuireann sé/sí an Ceann Foirne Oibre Sóisialta ar an eolas láithreach ar shonraí teagmhála oifigiúla an Gharda.
- ⇒ Déanfaidh an Garda imscrúdaithe teagmháil dhíreach gan mhoill leis an Oibrí Sóisialta sainithe (nó le duine ainmnithe eile) d'fhonn sonraí an cháis a fháil.
- ⇒ Nuair a éiríonn le teagmháil a dhéanamh, titeann plé straitéise (féach alt 9.2) amach idir an tOibrí Sóisialta agus an Garda imscrúdaithe nó socraítear cruinniú straitéise, nuair a mheastar gur cuí. Is féidir cruinniú straitéise breise a shocrú, ansin, faoi mar is cuí don chás.
- ⇒ Caithfidh an tOibrí Sóisialta na míreanna riachtanacha a chomhlánú de 'Foirm Ghníomhartha na Gníomhaireachta um Leanáí agus an Teaghlach/an Gharda Síochána (Aguisín 3) i.e. na míreanna 'Plé Straitéise' agus/nó 'Cruinniú Straitéise'. Caithfidh an Garda imscrúdaithe an mhír 'Cruinniú Straitéise' den Fhoirm Ghníomhartha a chomhshíniú.
- ⇒ Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh (féach alt 10.1) maoirseacht ar a n-imscrúdú/measúnú agus monatóireacht ar a dhul chun cinn.
- ⇒ Sa chás nach féidir a dheimhniú i ndiaidh tréimhse réasúnta idir an tOibrí Sóisialta agus an Garda imscrúdaithe, cuirfear an cheist faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Idirchaidrimh láithreach lena réiteach.

4.3 Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil

I gcásanna ina bhfuil Tusla ar an eolas ar bhuarthaí faoi leanbh ach ní féidir leis/léi a dheimhniú cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh go ndearnadh cion coiriúil, rachaidh Tusla i gcomhairle leis an nGarda Síochána. Tá an teagmháil sin le spreagadh go gníomhach d'fhonn leas an linbh a chosaint. Cinnteoidh Oibrithe Sóisialta agus comhaltaí an Gharda Síochána go gcuirtear sonraí faoi aon chomhairliúchán neamhfhoirmiúil i dtaifead.

4.4 Idirghabháil Éigeandála

Faoi chúinsí ina meastar go bhfuil sábháilteacht láithreach linbh i mbaol, tá dualgas ar an Oibrí Sóisialta chun dul i mbun bearta láithreach bonn lena chinntiú go dtéitear i mbun gníomh cosanta. Is bunriachtanach go gcuireann an tOibrí Sóisialta an Garda Síochána ar an eolas a luaithe agus is féidir ar aon ghníomhartha a ndeachthas ina mbun nó a pleanáladh. I roinnt cásanna, féadfaidh Tusla cúnaimh an Gharda Síochána a iarraidh chun idirghabháil éigeandála a dhéanamh (mar shampla Alt 12, Alt 13 nó Alt 35 den Acht um Chúram Leanaí, 1991) agus an Fhoirm Fógra (Aguisín 2) a sheoladh ar aghaidh a luaithe is féidir agus aird ar chúinsí.

5. Fógraí a thugann an Garda Síochána do Tusla

5.1 Cásanna a Thug an Garda Síochána le Fios go Foirmiúil do Tusla

Cuirfidh comhaltaí an Gharda Síochána Tusla ar an eolas ar bhuarthaí féideartha faoi chosaint agus leas leanaí faoi cheann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- ⇒ An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- ⇒ *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017)*
- ⇒ Buairt faoi leas leanaí

5.1.1 An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

I gcomhréir le hAlt 14(1) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 sa chás gurb eol do dhuine faoi shainordú nó a chreideann duine faoi shainordú nó go bhfuil forais réasúnta ag duine faoi shainordú lena chreidiúint, chun críocha an Achta, ar bhunús na faisnéise a fuair sé/sí, a tugadh dó/di nó go gcuirtear ar an eolas é/í uirthi, go ndearnadh díobháil do leanbh¹, go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh, nó go bhfuil an leanbh i mbaol go ndéanfar díobháil dó/di, tabharfaidh sé nó sí an t-eolas, an chreidiúint nó an t-amhras sin, de réir mar a bheidh, le fios ar 'Foirm Fógra an Gharda Síochána don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach' (Aguisín 1).

¹ "Ciallaíonn díobháil, maidir le leanbh, (a) ionsaí, drochíde nó faillí a dhéanamh ar an leanbh ar bhealach a dhéanann difear nó ar dóchúil go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó (b) drochúsáid ghnéasach a bhaint as an leanbh, cé acu más gníomh aonair, easnamh nó cúinse nó sraith nó meascán de ghníomhartha, easnaimh nó cúinsí, nó rudaí eile is cúis leis; (Alt 2, Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015).

5.1.2 *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017)*

Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag comhalta den Gharda Síochána le bheith buartha go raibh, nó go bhfuil leanbh i mbaol bheith mar íospartach de mhí-úsáid nó d'fhaillí mhothúchánach, fhisiciúil nó ghnéasach, caithfear Tusla a chur ar an eolas go foirmiúil ar an bhFoirm Fógra (Aguisín 1). Ní gá don Gharda Síochána fianaise dhóthanach a bheith acu chun tacú le hionchúiseamh coiriúil sula gcuirtear Tusla ar an eolas.

Cuirfidh an Garda Síochána Tusla ar an eolas i gcásanna óna n-eascaíonn riosca féideartha i dtaobh leas leanaí, ar nós nuair a bhíonn teagmháil leanúnach ag mí-úsáideoir amhrasta le leanaí eile.

5.1.3 *Buairt faoi Leas Leanaí*

Is féidir le comhalta den Gharda Síochána buairt faoi leas leanaí a fhógairt do Tusla. Déanann an Garda tuairiscithe an Fhoirm Fógra (Aguisín 1) a chomhlánú, a chuireann a (h)Oifigeach Sainithe ar aghaidh chuig an bPríomhoibrí Sóisialta ábhartha in Tusla.

Nóta: Ní dhéanann ach Tusla 'Foirm Gníomhartha na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach/an Gharda Síochána' (Aguisín 3) a thosú i gcás fógraí um chosaint leanaí, seachas buarthaí faoi bhúairt leanaí.

5.2 *Nós Imeachta an Gharda Síochána chun Tusla a Chur ar an Eolas ar Bhuarthaí faoi Chosaint agus Leas Leanaí*

Seo a leanas an nós imeachta an Gharda Síochána chun Tusla a Chur ar an Eolas ar chás amhrasta de mhí-úsáid mhothúchánach, fhisiciúil nó ghnéasach, faillí nó leas linbh:

1. Sa chás go bhfuil cúis ag comhalta den Gharda Síochána buairt faoi cosaint nó leas leanaí a chur in iúl do Tusla, caithfidh sé/sí Foirm Fógra (Aguisín 1) a chomhlánú a thugann le fios, faoi mar a iarrtar ar an bhfoirm, cé acu an ndéantar an tuairisc:
 - (a) De bhun Alt 14 den Acht um Tús Áite do Leanaí, 2015 (tuairisciú faoi shainordú);
 - (b) I gcomhréir le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017)*;
 - (c) Buarthaí leasa (féach alt 3.3).
2. Seolann comhalta an Gharda Síochána an Fhoirm Fógra chomhlánaithe (Aguisín 1) ansin ar aghaidh ar na gnáthbhealaí chuig an gCeannfort atá freagrach as an gCeantar inar thit an teagmhas amach.
3. Seolann an tOifigeach Sainithe Garda an Fhoirm Fógra (Aguisín 1) ar aghaidh faoi chúram Phríomhoibrí Sóisialta Tusla atá freagrach as an

limistéar ina gcónaíonn an leanbh. Coimeádann an Garda Síochána cóip den Fhoirm Fógra. Sa chás go mbíonn breis agus leanbh amháin bainteach, caithfear Foirm Fógra ar leith a sheoladh i dtaca le gach leanbh. Ina theannta sin, cuirfidh an Garda Síochána Tusla ar an eolas ar leanaí eile nó grúpaí leanaí eile, a gceidtear go bhfuil teagmháil leanúnach ag an mí-úsáideoir líomhnaithe leo.

4. Nuair a fhaightear an Fhoirm Fógra (Aguisín 1), socraíonn an Príomhoibrí Sóisialta laistigh de Tusla go sanntar Oibrí Sóisialta don chás. Aithníonn sé/sí láithreach bonn go bhfuarthas an Fhoirm Fógra agus cuireann sé/sí an Ceannfort Garda ar an eolas ar shonraí teagmhála an Oibrí Shóisialta shainithe.
5. Déanann an tOibrí Sóisialta teagmháil dhíreach gan mhoill leis an nGarda tuairiscithe chun sonraí an cháis a fháil.
6. Nuair a dheimhnítear teagmháil, titeann plé straitéise amach nó socraíonn an tOibrí Sóisialta cruinniú straitéise, sa chás go meastar gur cuí, i gcomhairle leis an nGarda imscrúdaithe. Is féidir cruinniú straitéise breise a shocrú, ansin, faoi mar is cuí don chás.
7. Ag gach cruinniú straitéise, comhlánaíonn an tOibrí Sóisialta an mhír ‘Cruinniú Straitéise’ den Fhoirm Ghníomhartha (Aguisín 3), nach mór don Gharda imscrúdaithe a chomhshíniú.
8. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh (féach alt 10.1) maoirseacht ar an imscrúdú/measúnú agus monatóireacht ar a dhul chun cinn.
10. Sa chás nach féidir a dheimhniú i ndiaidh tréimhse réasúnta idir an tOibrí Sóisialta agus an Garda imscrúdaithe, cuirfear an cheist faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Idirchaidrimh láithreach lena réiteach. Cinnteoidh Oibríthe Sóisialta agus comhaltaí an Gharda Síochána go gcuirtear sonraí faoi aon chomhairliúchán neamhfhoirmiúil i dtaifead.

5.3 Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil

Sa chás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána ar an eolas ar bhuairt faoi chosaint nó leas leanaí, rachaidh an Garda i gcomhairle le Tusla sa chás go dteastaíonn aon chomhairle nó soiléireacht sula gcomhlánaítear Foirm Fógra (Aguisín 1). Tá an teagmháil sin le spreagadh go gníomhach d’fhonn leas an linbh a chosaint.

5.4 Idirghabháil Éigeandála

D’fhéadfadh go mbeidh ar an nGarda Síochána dul i mbun gníomh láithreach corruair chun leanbh a chosaint gan Tusla a chur ar an eolas i dtosach. Is bunriachtanach go gcuireann an Garda Síochána Tusla ar an eolas a luaithe agus is féidir ar aon ghníomhartha a ndeachthas ina mbun, ó bhéal, más gá, agus ansin tríd an bhFoirm Fógra (Aguisín 1) a sheoladh ar aghaidh a luaithe agus is féidir bunaithe ar na cúinsí.

6. Ról an Gharda Imscrúdaithe agus an Oibrí Shóisialta



6.1 Ról an Gharda Imscrúdaithe

Nuair a chuirtear cás amhrasta de mhí-úsáid nó faillí leanaí in iúl do chomhalta den Gharda Síochána, is é an chéad rud ar a ndéantar breithniú ná sábháilteacht láithreach an linbh agus aon leanaí eile a d'fhéadfadh bheith i mbaol. I ndiaidh réamhfhiosrúchán, comhlánaíonn an Garda tuairiscithe an Fhoirm Fógra (Aguisín 1), a chuireann a (h)Oifigeach Sainithe ar aghaidh chuig an bPríomhoibrí Sóisialta ábhartha in Tusla.

I roinnt cásanna, b'fhéidir go mbeidh forais réasúnta ag comhalta den Gharda Síochána lena chreidiúint gurb ann do bhaol láithreach agus tromchúiseach do shláinte nó leas linbh. Faoi na cúinsí siúd, féadfaidh an comhalta den Gharda Síochána an leanbh sin a ghlacadh go háit shábháilte de bhun Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991², arna leasú, ach amháin nach dóthanach do chosaint an linbh sin fanacht go ndéantar iarratas ar Ordú Chúram Éigeandála ag Tusla faoi Alt 13 den Acht um Chúram Leanaí, 1991. Sa chás gur ghlac an Garda Síochána leanbh go háit shábháilte faoi Alt 12 d'Acht 1991, tabharfar an leanbh, a luaithe agus is féidir, faoi choimeád Tusla.

Sa chás go ndearna comhalta den Gharda Síochána forálacha Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú, a ghairm, nuair is gá, cuirfear tús le himscrúdú ar na cúinsí ba chúis le baol láithreach agus tromchúiseach i leith shláinte agus leas an linbh agus cé acu an ionann nó nach ionann sin agus mí-úsáid leanaí amhrasta agus/nó faillí nó aon chion eile.

Chun an tráma a mbíonn íospartaigh mhí-úsáide leanaí thíos leis a laghdú, cuirtear oiliúint mar agallóirí speisialtóra ar chomhaltaí áirithe an Gharda Síochána agus Tusla chun leanaí a chur faoi agallamh agus taifeadadh closamhaire a dhéanamh ar an agallamh lena úsáid in imeachtaí cúirte amach anseo. Cuirfidh an Garda imscrúdaithe cásanna áirithe faoi bhráid agallóirí speisialtóra i gcomhréir le beartas an Gharda Síochána (féach alt 12).

I gcaitheamh imscrúdú, bíonn cumhachtaí forleathana ag comhaltaí an Gharda Síochána lena cheadú dóibh fianaise a bhailiú maidir le tromlach na gcionta arb ionann iad agus mí-úsáid leanaí, na cumhachtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh ina measc:

² Tá a cumhacht ann chun iontráil agus leanbh a bhaint le fórsa, más gá, go háit shábháilte de bhun Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

- ⇒ Iarratas a dhéanamh ar bharántas chun áitreabh agus feithiclí a chuardach;
- ⇒ Daoine a bhfuil amhras fúthu a ghabháil agus a choinneáil;
- ⇒ Faisnéis/fianaise a iarraidh ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí;
- ⇒ Daoine a ghabháil agus a choinneáil i ngeall ar fhaisnéis a shiarchoinneáil faoi chúinsí áirithe.

Nuair a bhíonn an t-imscrúdú tugtha chun críche, cuireann an Garda imscrúdaithe comhad imscrúdaithe faoi bhráid an Ceannfoirt ábhartha. I gcásanna faoi leith, caithfidh an Ceannfort an comhad imscrúdaithe a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir leis an ionchúiseamh cuí, más ann dó. I gcásanna áirithe, tarmligeann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an t-údarás cinnteoireachta sin don Gharda Síochána. Sa chás go ndéantar ionchúiseamh a ordú, socróidh an Garda imscrúdaithe chun an duine/na daoine a bhfuil amhras faoi/fúthu a thoghairm nó a chúiseamh agus tabharfaidh sé/sí faoi aon fhiosrúcháin bhreise a theastaíonn mar chuid de na himeachtaí cúirte.

Tá dualgas ar chomhaltaí an Gharda Síochána chun íospartach coire (agus/nó tuismitheoirí/caomhnóirí an íospartaigh) a choimeád ar an eolas ar dhul chun cinn an imscrúdaithe agus aon imeachtaí cúirte i gcomhréir le is an Treoir maidir le hÍospartaigh ón AE 2012.

Chomh maith leis sin, leanfaidh an Garda imscrúdaithe le teagmháil chuí a dhéanamh leis an Oibrí Sóisialta ábhartha le comhoibriú leanúnach idirghníomhaireachta a chinntiú, ina bhfreastalaítear go minic ar chruinnithe straitéise agus Comhdhálacha um Chosaint Leanaí a eagraíonn Oibrí Sóisialta Tusla.

6.2 Ról an Oibrí Shóisialta

Is é ról an oibrí shóisialta in Tusla scagadh, measúnú leantach agus measúnú a dhéanamh ar bhuarthaí/atreoruithe faoi chosaint agus leas leanaí a bhaineann tairseach Tusla amach d'idirghabháil.

Nuair a fhaightear an chéad atreorú, is é an chéad rud ar cheart don oibrí sóisialta a bhreithniú sábháilteacht láithreach an linbh. Déantar athbhreithniú ar gach atreorú a dhéantar chuig Tusla laistigh de 24 uair an chloig i ndiaidh go bhfaightear iad. A luaithe a fhaigheann an tOibrí Sóisialta Dualgais iad, déanann siad scagadh ar an atreorú agus deimhníonn siad cé an nó nach mbaineann sé an tairseach amach lena nglacfaidh Tusla iad. Má bhaineann sé an tairseach amach, tugann siad faoi réamhfiosrúcháin lena dheimhniú cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn idirghabháil oibre sóisialta. Cuirtear na réamhfiosrúcháin i gcrích laistigh de chúig lá oibre. Cuireann an tOibrí Sóisialta i dtaifead sonraí pearsanta an linbh agus an teaghlaigh agus seiceálann siad na taifid oibre sóisialta i dtaobh teagmháil a d'fhéadfadh go ndearnadh roimhe seo. Comhlánaíonn an tOibrí Sóisialta Taifead Glactha Isteach a chabhraíonn leo sa phróiseas scagtha seo. Déanann siad teagmháil leis an tuairisceoir agus daoine eile, más gá, lena dheimhniú cén buarthaí arb ann dóibh don leanbh ag oibriú cad a bhfuil ag éirí go maith leis don leanbh.

Cruthaíonn comhoibriú idir Tusla agus an Garda Síochána cuid lárnach den tseirbhís um chosaint agus leas leanaí. Má bhíonn amhras ar Tusla go ndearnadh coir agus go ndearnadh faillí thoiliúil ar leanbh nó gur baineadh mí-úsáid fhisiciúil nó ghnéasach as/aisti, cuirfidh sé na Gardaí ar an eolas go foirmiúil.

Má deimhníodh, i ndiaidh an phróisis glactha isteach, go dteastaíonn idirghabháil oibre sóisialta, tugann an t-oibrí sóisialta faoi Mheasúnú Tosaigh ansin. Is ionann measúnú tosaigh agus an fhaisnéis atá ar fáil a bhailiú, a bhfuil cuspóir leis, agus anailís struchtúrach a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin chun faisnéis a chur ar fáil do phleanáil agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe. Díríonn an measúnú seo ar dhíobháil nó díobháil a dhéanfar amach anseo don leanbh agus an tionchar a bhféadfadh gur imir sé/a d'imir sé ar an leanbh. Áirítear leis an measúnú tosaigh casadh leis an leanbh, tuismitheoirí an linbh, agus lena líonra tacaíochta anuas ar theagmháil a dhéanamh le gairmithe ábhartha.

6.2.1 Measúnú Tosaigh

Is é cuspóir an mheasúnaithe tosaigh lena dheimhniú cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar díobháil don leanbh agus cé acu an ann nó nach ann do shábháilteacht dhóthanach chun dul i ngleic leis an iompar a dhéanann díobháil, más ann dó. D'fhéadfadh toradh an mheasúnaithe tosaigh toradh a bhaint amach faoin mbuairt amhrasta faoi mhí-úsáid nó leas agus an chéad chúrsa gníomhaíochta a dheimhniú.

Buntacaíonn caidreamh a chruthú leis an teaghlach agus úsáid a bhaint as cur chuige dian ceistithe leis an bpróiseas measúnaithe, lena n-áirítear:

- ⇒ A dheimhniú leis an leanbh (más aoisoiriúnach é) agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí cé acu an ann nó nach ann d'fhorais le bheith buartha;
- ⇒ Más gá, socrú a dhéanamh do scrúdú dochtúra, agus cóir leighis (le toiliú tuismitheora);
- ⇒ Cumarsáid a dhéanamh le haon ghairmithe, teaghlach nó cairde a bhfuil baint acu leis an leanbh agus an teaghlach, agus a ndearcthaí a nochtadh faoi aon díobháil agus baol/aon díobháil a dhéanfar amach anseo agus aon láidreachtaí agus tosca cosanta a shainnithint a d'fhéadfadh dul i ngleic leis an díobháil;
- ⇒ Cinneadh a dhéanamh faoin ngníomh tosaigh cosanta agus aon phleanáil sábháilteachta a theastaíonn.

Tabharfar an measúnú tosaigh chun críche laistigh de thart ar 40 lá oibre. Ag aon phointe sa phróiseas measúnaithe tosaigh, féadtar a mheas go dteastaíonn an méid seo a leanas ó chás:

1. Gníomh ar bith breise/dúnta;
2. Fógra um Chosaint Leanáí;
3. Comhdháil um Chosaint Leanáí;
4. Seirbhísí pleanála leas leanaí agus tacaíochta teaghlaigh;
5. Atreorú chuig Comhdháil ar Leas Teaghlaigh;
6. Cruinniú straitéise;
7. Soláthar faisnéise agus comhairle;
8. Atreorú chuig gníomhaireacht eile le haghaidh tacaíochta;
9. Cead isteach a thabhairt go cúram;
10. Measúnú breise.

7. Ag Oibriú le Leanaí agus a dTeaghlaigh – Na Comharthaí Sábháilteachta

7.1 Cur Chuige na gComharthaí Sábháilteachta

Ghlac Tusla le **cur chuige na gComharthaí Sábháilteachta** mar bhealach chun oibriú le leanaí agus a dteaghlaigh agus buntacóidh an cur chuige seo le measúnú a dhéanamh ar gach tuairisc um chosaint agus leas leanaí. Soláthraíonn cur chuige na gComharthaí Sábháilteachta bealach soiléir agus éifeachtach chun measúnú a dhéanamh ar riosca agus réitigh a aimsiú. Úsáideann an cur chuige ceithre cheist bhunúsacha nuair a bhítear ag smaoineamh faoi agus ag oibriú le teaghlach.

- ⇒ Cad a bhfuilimid buartha faoi?
- ⇒ Cad a bhfuil ag éirí go maith leis?
- ⇒ Cad is gá tarlú?
- ⇒ Cé chomh buartha atáimid ar scale 0-10?

7.2 Modh na gComharthaí Sábháilteachta

Soláthraíonn na ceistanna seo díriú daingean agus dea-struchtúrtha ar na comhráite is gá a chur ar bun nuair a chreideann Tusla nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais leanaí agus nuair a theastaíonn rud éigin eile. A luaithe a fhaigheann Tusla tuairisc, is é an chéad rud ar a mbreithnítear i gcónaí sábháilteacht láithreach an linbh. Téitear i mbun gníomh éigeandála más an leanbh a chosaint. Déantar gach tuairisc a scagadh agus déantar athbhreithniú ar an bhfaisnéis go léir lena chabhrú an fhreagairt chearta a dheimhniú mar gheall nach dteastaíonn measúnú nó idirghabháil oibre sóisialta ó gach tuairisc. Sanntar cásanna nach dteastaíonn measúnú uathu d'Oibrí Sóisialta. Is é cuspóir an mheasúnaithe chun faisnéis faoin méid seo a leanas a bhailiú agus a anailísiú:

- ⇒ An baol nó na rioscaí go ndéanfar díobháil don leanbh;
- ⇒ Na tosca a dhéanann níos deacra é chun an leanbh a choimeád sábháilte;
- ⇒ Na láidreachtaí nó an tsábháilteacht arb ann dóibh sa teaghlach;
- ⇒ Na rudaí sin is gá a athrú don leanbh agus an teaghlach.

7.3 Measúnú na gComharthaí Sábháilteachta

Is éard a bhaineann leis an measúnú casadh le agus caint leis an leanbh, tuismitheoirí/caomhnóirí agus lena líonra teaghlaigh shínte agus le gairmithe ábhartha eile. Cabhraíonn sé le Tusla úsáid a bhaint as cur chuige na gComharthaí Sábháilteachta chun cumas an teaghlaigh agus a líonra a uasmhéadú chun buarthaí a réiteach arb ann dóibh faoina leanaí fad a leanann Tusla le díriú go tréan ar shábháilteacht an linbh. Nuair a bhíonn an measúnú tugtha chun críche, bíonn roinnt torthaí féideartha ann, ar a dtugtar conairí freagartha. Is féidir teacht ar shonraí faoi na conairí freagartha sa Treoir de chuid Tusla *Treoir chun Buarthaí faoi Chosaint agus Leas Leanaí a Thuairisciú*.

8. Rúndacht agus Roinnt Faisnéise

Caithfear breithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise (an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014) chun faisnéis rúnda a scaoileadh atá á coimeád ag an nGarda Síochána nó Tusla. Faoi chúinsí ina bhféadfaí leanbh a chur i mbaol nó dochar a dhéanamh do nó baint d'imscrúdú a dhéantar ar chion coiriúil, caithfidh comhairliúchán titim amach i gcónaí idirchaidreamh comhaltaí na Foirne Bainistíochta Idirchaidrimh (féach alt 10.1) chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil faisnéis le scaoileadh le tríú páirtí.

Ceadaítear in Alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 scaoileadh faisnéise a dhiúltú ag Tusla nuair a dheimhnítear go bhféadfadh an fhaisnéis dochar a dhéanamh do nó baint d'imscrúdú coiriúil agus tionchar a imirt ar chumas an Gharda Síochána chun riachtanas an dlí a chur i bhfeidhm.

Cuireann na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 ar chumas an Garda Síochána faisnéis a roinnt le Tusla ar bhonn réasúnta agus comhréireach ar mhaithe le cosaint leanaí. Ar an gcuma chéanna, tá d'údarás ag Tusla faisnéis a roinnt a bhaineann le leanbh atá i mbaol gortú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí nó fad atáthar ag tabhairt faoi mheasúnú, chomh maith, le duine ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Ní roinnfidh Tusla sonraí ach nuair is gá agus comhréireach faoi chúinsí gach cáis aonair. Níor cheart faisnéis a roinneann Tusla le haon duine faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí a roinnt le tríú páirtí, mura measann Tusla gur cúí sin a dhéanamh agus mura n-údaraíonn Tusla faoi Alt 17(2) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 an duine ábhartha i scríbhinn chun na leanaí a roinnt le tríú páirtí. Tá seo ar aon dul leis na prionsabail um chosaint sonraí, a aithníonn, faoi chúinsí áirithe, féadtar faisnéis a roinnt ar mhaithe le cosaint leanaí, ach caithfidh an roinnt sin a bheith riachtanach agus comhréireach.

Déantar cion de in Alt 17(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 chun faisnéis a nochtadh do thríú páirtí a roinn Tusla i gcaitheamh tabhairt faoi mheasúnú, seachas i gcomhréir leis an dlí nó i gcomhréir le húdarú scríofa ó Tusla amhlaidh a dhéanamh.

9. Idirchaidreamh Leanúnach Bainistíochta Cáis

I ndiaidh go dtugann ceachtar gníomhaireacht le fios, déanfaidh an tOibrí Sóisialta agus an Garda imscrúdaithe teagmháil rialta lena chéile agus a chéile a chur ar an eolas ar fhorbairtí atá tagtha ar an gcás faoi mar a thiteann siad amach, i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Cuirfidh Oibrithe Sóisialta Tusla gach forbairt den saghas sin agus aon ghníomhartha lena gcomhaontaítear sna míreanna ‘Plé Straitéise’ agus/nó ‘Cruinniú straitéise’ den Fhoirm Ghníomhartha (Aguisín 3). Cé gur féidir cás a dhúnadh ar Tusla, coimeádfar an nasc idir an dá ghníomhaireacht go dtí go dtugtar an t-imscrúdú coiriúil agus an t-ionchúiseamh, nuair is infheidhme, chun críche. Caithfear dúnadh cáis ag Tusla a chur in iúl i scríbhinn i gcónaí don Gharda Síochána.

Déanfaidh an dá ghníomhaireacht breithniú ar ghnéithe áirithe de na próisis mheasúnúaithe agus imscrúdaithe ar aon, an méid seo a leana ina measc:

- ⇒ Tionchar ionchúisimh/neamhionchúisimh ar an leanbh (íospartach);
- ⇒ Tionchar na mí-úsáide líomhnaithe ar an leanbh;
- ⇒ Tacaíocht d’fhinnéithe linbh agus fásta;
- ⇒ Seirbhísí tacaíochta d’íospartaigh
- ⇒ Riosca a chruthaíonn mí-úsáideoir líomhnaithe do leanaí eile.

Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtacaíonn an Garda Síochána go cuí leis an leanbh agus leis na daoine muinteartha agus faoi mar is cuí ag Tusla i rith an phróisis cheartais choiriúil.

9.1 Córais Rianaithe agus Coimeád Taifead

Déanfaidh Tusla agus an Garda Síochána dul chun cinn measúnaithe/imscrúdaithe a rianú a eascraíonn as amhras a tugadh le fios go foirmiúil i leith mí-úsáid nó faillí leanaí. Anuas ar na nótaí a ghlac gach gairmí ar bhonn aonair, comhlánófar na foirmeacha seo a leanas chun an fhaisnéis a chur i dtaifead a roinntear agus cathain a chomhaontaítear gníomhartha agus/nó a théitear i mbun gníomhartha i ngach cás:

- ⇒ An Foirm Fógra an Gharda Síochána don Gníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach (Aguisín 1)
- ⇒ Foirm Fógra na Gníomhaireachta um Leanáí agus an Teaghlach don an Gharda Síochána (Aguisín 2)
- ⇒ Foirm Ghníomhartha na Gníomhaireachta um Leanáí agus an Teaghlach/an Gharda Síochána (Aguisín 3)

Caithfear gach teagmháil idir Tusla agus an Garda Síochána a chur i dtaifead. Caithfidh Tusla agus an Garda Síochána taifead scríofa a choimeád ar chinntí a rinneadh maidir leis an gcás. Caithfidh an taifead seo a bheith inrochtana in éagmais an phearsanra faoi leith a bheith leithdháileadh ar an gcás. Nuair a chinneann Tusla nó an Garda Síochána gan leanúint ar aghaidh le haon ghníomhaíocht, caithfear an cinneadh sin, anuas ar an réasúnaíocht a bhí leis na cinntí, a chur i dtaifead.

9.2 Plé agus Cruinnithe Straitéise

Ag aon phointe i rith an phróisis um chosaint leanaí, nó más gá, i rith an mheasúnú tosaigh, is féidir cruinniú straitéise a ghairm chun sábháilteacht an linbh a chinntiú. Bíonn an Ceann Foirne Oibre Sóisialta nó an Príomhoibrí Sóisialta freagrach as cruinniú straitéise a thionól.

Is é cuspóir cruinniú straitéise roinnt agus meastóireacht faisnéise a éascú idir gairmithe agus plean gníomhaíochta a ullmhú chun leanbh agus a siblíní a chosaint, más gá. D'fhéadfadh go mbeadh baint ag an nGarda Síochána agus comhaltaí foirne Tusla i gcruinniú straitéise ar leibhéal bainistíochta nó measúnú cáis, ag brath ar na cúinsí.

I ndiaidh teagmháil nó plé straitéise tosaigh (glaonna gutháin ina measc) idir an Garda Síochána agus Tusla nuair a bhaintear comhaontú amach faoi ghníomh(artha) láithreach(a), caithfear sonraí faoin ngníomh/na gníomhartha seo a chur i dtaifead sa mhír 'Plé Straitéise' den Fhoirm Ghníomhartha (Aguisín 3).

Leanfaidh Oibrí Sóisialta Tusla agus an Garda imscrúdaithe le teagmháil rialta a dhéanamh lena chéile agus a chéile a chur ar an eolas ar fhorbairtí atá tagtha ar an gcás faoi mar a thiteann siad amach.

9.2.1 Cuspóirí an Chruinnithe Straitéise

Áirítear le cuspóirí an chruinnithe straitéise:

- ⇒ Faisnéis atá ar fáil a roinnt a bhaineann le cosaint agus leas leanaí agus chun tacú le measúnú a dhéanamh ar bhuarthaí faoi chosaint agus leas leanaí agus imscrúdú coiriúil féideartha;
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar cé acu ar gá nó nach gá tabhairt faoi ghníomh láithreach, agus ar cé a dtabharfaidh faoi, chun an leanbh agus leanaí eile a chreidtear atá i mbaol a chosaint;
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn agallaimh i gcomhréir le hAlt 16(1) (b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992;
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar ghníomhartha riachtanacha nós imeachta agus dlíthiúla;
- ⇒ An fhianaise a shainaithint atá ar fáil chun tacú le himscrúdú coiriúil agus aon ionchúiseamh ina dhiaidh sin;
- ⇒ Luath-idirghabháil a phleanáil;

- ⇒ Foinsí féideartha cosanta agus tacaíochta a shainaithint don leanbh;
- ⇒ Foinsí féideartha tacaíochta a shainaithint do theaghlach an linbh;
- ⇒ Foinsí de bhreis faisnéise a shainaithint;
- ⇒ A shainaithint cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh leanaí eile a bheith i mbaol agus ag dul i mbun gníomh cuí;
- ⇒ Comhaontú ar thosaíochtaí agus freagracht a leithdháileadh go cuí do na gníomhartha lenar comhaontaíodh;
- ⇒ Comhaontú ar phlean teagmhais sa chás go dteastaíonn idirghabháil bhreise ó mhéadú a thagann ar riosca in aghaidh linbh ina dhiaidh sin.

Comhlánóidh an tOibrí Sóisialta an mhír ‘Cruinniú Straitéise’ den Fhoirm Ghníomhartha (Aguisín 3) i ndiaidh gach cruinniú straitéise (teagmháil nach bhfuil chomh foirmiúil céanna ina measc, ar nós plé straitéise ar an nguthán) agus caithfidh an tOibrí Sóisialta sainithe agus an Garda imscrúdaithe a n-ainmneacha a chur léi.

9.2.2 Comhdhálacha um Chosaint Leanaí

Is ionann Comhdháil um Chosaint Leanaí agus cruinniú idirghníomhaireachta agus idirghairmiúil, a thionólaíonn Tusla³³. Tionóltar í nuair is ann d’fhorais lena chreidiúint go bhfuil baol leanúnach roimh leanbh go ndéanfar díobháil shuntasach dó/di, i ngeall ar mhí-úsáid, faillí ina measc, atá inchurtha i leith cúram míchuí nó neamhleor ó thuismitheoirí/chaomhnóirí. Bíonn ról lárnach ag an Oibrí Sóisialta agus ag Cathaoirleach Tusla sa Chomhdháil um Chosaint Leanaí. Is é cuspóir Comhdhála um Chosaint Leanaí roinnt agus meastóireacht faisnéise a éascú idir gairmithe agus thuismitheoirí/caomhnóirí, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ⇒ Tosca riosca a shainaithint (an méid a bhfuil daoine buartha faoi);
- ⇒ Tosca cosanta a shainaithint (cad a bhfuil ag éirí go maith leis?);
- ⇒ A dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil riosca leanúnach roimh an leanbh nó aon leanbh eile sa teaghlach go ndéanfar díobháil shuntasach dó/di/dóibh;
- ⇒ Na rioscaí sonracha a shainaithint atá roimh an leanbh nó aon leanbh eile sa teaghlach;
- ⇒ Plean um Chosaint Leanaí a fhorbairt agus gach leanbh a liostú nuair a dheimhnítear go bhfuil riosca leanúnach rompu go ndéanfar díobháil shuntasach dóibh ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí faoin gcatagóir chúí riosca;
- ⇒ Plean um Chosaint Leanaí a chur le chéile do gach leanbh, má chinntear amhlaidh sa Chomhdháil um Chosaint Leanaí (an méid is gá tarlú).

³³ Féach *Comhdháil um Chosaint Leanaí agus an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí: Faisnéis do Ghairmithe* le Tusla.



Ach go háirithe, tá na freagrachtaí seo a leanas ar an Roinn Oibre Sóisialta i dtaca leis an gcomhdháil:

- ⇒ An chomhdháil a lorg;
- ⇒ Tuarascáil a scríobh don chomhdháil;
- ⇒ Míniú a thabhairt do na tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaca le cuspóir an chruinnithe agus an próiseas, torthaí féideartha, ról agus cuspóir an Chórais Fógartha um Chosaint Leanaí ina measc agus míniú a thabhairt ar riosca leanúnach i leith díobháil shuntasach;
- ⇒ Ábhar na tuarascála a roinnt leis na tuismitheoirí/caomhnóirí sula mbíonn an chomhdháil ar siúl;
- ⇒ Measúnú soiléir lena mbaineann fianaise a dhéanamh ar an riosca roimh an leanbh agus ar a riachtanais nár freastalaíodh orthu agus na moltaí a bheartaítear maidir lena rannpháirtíocht sa chomhdháil;
- ⇒ An leanbh a ullmhú don chomhdháil;
- ⇒ Bealaí a shainaithint chun cabhrú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun cur leis an gcrúinniú;
- ⇒ Bealaí a shainaithint inar féidir le tuismitheoir/caomhnóir cur leis an gcrúinniú agus iad a chur ar an eolas ar a roghanna;
- ⇒ Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas ar an gceart atá acu chun tacaíocht a chur ar fáil don chruinniú;
- ⇒ Idirchaidreamh a dhéanamh le gairmithe eile a fhreastalaíonn ar an gcomhdháil nó tuarascálacha a sheoladh ar aghaidh, faoi mar is gá (nóta – iarrfaidh Cathaoirleach na Comhdhála um Chosaint Leanaí ar chuirí agus tuarascálacha);
- ⇒ Príomhoibrí chun an Plean um Chosaint Leanaí a chomhordú;
- ⇒ Comhordú an chroíghrúpa.

Áireofar leis an tuarascáil oibre sóisialta leis an gcomhdháil an méid seo a leanas:

- ⇒ Sonraí faoin leanbh agus an teaghlach;
- ⇒ Croineolaíocht bhaint na hoibre sóisialta;
- ⇒ Anailís ar chúinsí agus riachtanais an linbh;
- ⇒ Tosca cosanta;
- ⇒ Tosca riosca;
- ⇒ Spreagadh tuismitheoirí/caomhnóirí agus acmhainneacht d'athrú;
- ⇒ Measúnú/forais lena mbaineann fianaise lena chreidiúint go bhfuil riosca leanúnach roimh leanbh go ndéanfar díobháil shuntasach dó/di;
- ⇒ Dearcadh an linbh;
- ⇒ Dearcadh na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí;
- ⇒ Stair na hidirghabhála roimhe seo chun dul i ngleic le riachtanais an teaghlaigh agus a dtorthaí;
- ⇒ Sonraí faoi aon phlean sábháilteachta reatha;
- ⇒ Moltaí chun sábháilteacht agus leas an linbh a chur chun cinn.

Seolfaidh Cathaoirleach na Comhdhála um Chosaint Leanaí cuirí chuig an gComhdháil um Chosaint Leanaí, anuas ar chlár na Comhdhála um Chosaint Leanaí chuig an gCeannfort Garda ábhartha. Is é ról comhalta den Gharda Síochána ag Comhdháil um Chosaint Leanaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ⇒ Aon fhaisnéis ábhartha a roinnt a chuireann eolas ar fáil do mheasúnú Tusla ar an riosca i leith díobháil a dhéanamh don leanbh;
- ⇒ Aon fhianaise nó faisnéis a shainaithint agus a fháil atá faoi sheilbh gairmithe nó gníomhaireachtaí eile a d'fhéadfadh cabhrú le haon imscrúdú coiriúil;
- ⇒ Cuntas a thabhairt, sa chás gur cuí, ar aon ghníomhartha faoina dtabharfaidh an Garda Síochána.

Ar uairibh, b'fhéidir nach mbeidh sé cuí go roinneann comhaltaí an Gharda Síochána faisnéis áirithe ag Comhdháil um Chosaint Leanaí, mar shampla, nuair a bhíonn tuismitheoirí/caomhnóirí i láthair ag an gcomhdháil a bhfuiltear in amhras go ndearna siad cion coiriúil, go háirithe nuair a bhíonn imscrúdú coiriúil nó ionchúiseamh iarmhartach ar bun. Caithfidh tuiscint shoiléir a bheith ag comhaltaí an Gharda Síochána ar aon teorainneacha ar an bhfaisnéis a bheidh siad in ann a roinnt le Cathaoirleach na Comhdhála um Chosaint Leanaí roimh an gcruinniú.

Caithfear a thabhairt chun airde, chomh maith, go mb'fhéidir go mbeidh ar chomhalta den Gharda Síochána rabhadh dlíthiúil a thabhairt d'aon duine a dhéanann admhálacha i leith aon chion coiriúil i rith na Comhdhála um Chosaint Leanaí.

10. Idirchaidreamh idir an Garda Síochána agus Tusla

10.1 Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh

Saineoidh Tusla agus an Garda Síochána pearsanra ar leibhéal mheasúnaithe/imscrúdaithe agus bhainistíochta a mbeidh baint acu i gcónaí leis an gcás go dtí go dtugtar an measúnú/imscrúdú chun críche.

Beidh Ceann Foirne Oibre Sóisialta in Oifig Cheantair Áitiúil laistigh de Tusla agus Cigire/Sáirsint sainithe de cheantar comhfhreagrach an Gharda Síochána i bhFoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh a bheidh freagrach as a chinntiú go ndéantar próiseáil chúil ar gach buairt um chosaint/leas leanaí.

Casfaidh an Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh lena chéile gach tréimhse idir ceithre agus sé seachtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna atá ar siúl agus faoi mar is gá i gcásanna áirithe aonair.

Is iad príomhfheidhmeanna na Foirne Bainistíochta Idirchaidrimh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar fhógraí foirmiúla i leith mí-úsáid leanaí amhrasta agus torthaí measúnuithe agus imscrúduithe a nuashonrú;
- ⇒ Maoirseacht a dhéanamh ar a n-imscrúduithe/measúnuithe faoi seach agus pearsanra breise a shannadh, nuair is gá;
- ⇒ Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach cáis;
- ⇒ Dúshláin a thagann chun solais a réiteach sa phróiseas áitiúil idirchaidrimh;
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar thionchar ionchúisimh ar an leanbh (an t-íospartach);
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar thionchar na mí-úsáide líomhnaithe ar an leanbh;
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar thacaíocht d'fhinnéithe linbh agus fásta;
- ⇒ Breithniú a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh a sholáthar;
- ⇒ Cur i bhfeidhm agus comhlíonadh na reachtaíochta agus comhbheartais agus nósanna imeachta a chinntiú;
- ⇒ Aon dúshláin atá roimh an bpróiseas idirchaidrimh áitiúil a thabhairt le fios d'Fhóram Idirchaidrimh na Bainistíochta Sinsearaí Áitiúla.

10.2 Fóram Idirchaidrimh na Bainistíochta Sinsearaí Áitiúla

Beidh an Príomhoibrí Sóisialta i ngach Oifig Cheantair Áitiúil agus Ceannfort Cheantar comhfhreagrach an Gharda Síochána i bhFóram Idirchaidrimh na Bainistíochta Sinsearaí Áitiúla agus beidh freagracht fhoriomlán orthu as bainistíocht na measúnuithe/imscrúduithe um chosaint agus leas leanaí ina gceantar tíreolaíochta. Tacóidh siad leis an bhFoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh agus cinnteoidh siad go bhfuil acmhainní riachtanacha ar fáil don fhoireann, anuas ar na hOibrithe Sóisialta agus na Gardaí a bhíonn bainteach i measúnuithe/imscrúduithe.

Féadfaidh an Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh cásanna a chur faoi bhráid Fhóram Idirchaidrimh na Bhainistíochta Sinsearaí Áitiúla lena réiteach.

Casfaidh Fóram Idirchaidrimh na Bainistíochta Sinsearaí Áitiúla ar a chéile **gach ráithe, ar a laghad**. Is iad a bpríomhfheidheanna chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ⇒ Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhshocruithe oibre le dea-chleachtas a chinntiú i dtaca le fógairt, faisnéis a roinnt, bainistíocht cáis agus beartas agus nós imeachta a chur i bhfeidhm;
- ⇒ Bainisteoirí oibríochtúla áitiúla a chur ar an eolas ar cheisteanna beartais agus dlí;
- ⇒ Athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna casta um chosaint agus faillí leanaí, faoi mar a theastaíonn;
- ⇒ Aon limistéar deacrachta a réiteach a d'fhéadfadh teacht chun solais i gcomhshocruithe oibre áitiúla;
- ⇒ Coiste Náisiúnta Bainistíochta Idirchaidrimh um Thús Áite do Leanaí a chur ar an eolas ar aon cheist oibríochtúil a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aici i dtaobh comhbheartas agus nósanna imeachta náisiúnta.

10.3 Coiste Náisiúnta Bainistíochta Idirchaidrimh um Thús Áite do Leanaí

Tá freagracht ar Bhainisteoir Náisiúnta Tusla um Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána agus an Ceannfort Bleachtaireachta, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (Cosaint Leanaí) as comhordú an Choiste Náisiúnta Bainistíochta Idirchaidrimh um Thús Áite do Leanaí. Áireofar le ballraíocht an Choiste ionadaíocht ó limistéir beartais agus sheirbhíse oibríochtúla an dá ghníomhaireachta.

Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste Náisiúnta Bainistíochta Idirchaidrimh um Thús Áite do Leanaí, a chasfaidh ar a chéile gach ráithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ⇒ Tacaíocht agus comhairle a sholáthar don Choiste Náisiúnta Idirchaidrimh Straitéisigh um Chosaint Leanaí maidir le comhbheartas agus nósanna imeachta um Thús Áite do Leanaí;
- ⇒ Treoir, comhairle agus treorú a sholáthar don bhainistíocht agus seirbhísí oibríochtúla áitiúla i dtaca le comh-idirchaidreamh, beartas agus nós imeachta idir an Garda Síochána agus Tusla um Thús Áite do Leanaí;
- ⇒ Fiosrúcháin ón mbainistíocht áitiúil agus fiosrúcháin seirbhíse oibríochtúla a fháil agus a fhreagairt maidir le ceisteanna um chur i bhfeidhm beartais agus nós imeachta;
- ⇒ Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar comhbheartas, treoir agus nósanna imeachta an Gharda Síochána/Tusla um Thús Áite do Leanaí, faoi mar is gá;
- ⇒ A chinntiú go bhfuil an fhorbairt beartais, treorach nó nós imeachta go léir leanbhhlárnach agus i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Tá ar Bhainisteoir Náisiúnta Tusla um Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána agus an Ceannfort Bleachtaireachta, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (Cosaint Leanaí) idirchaidreamh rialta a dhéanamh ar cheisteanna lena mbaineann comhbheartas, comhchleachtas agus comhoiliúint. Cuirfear ceisteanna atá ina n-ábhar buartha náisiúnta faoi bhráid an Choiste Náisiúnta Idirchaidrimh Straitéisigh um Chosaint Leanaí (an NCSSLC).

10.4 An Coiste Náisiúnta Idirchaidrimh Straitéisigh um Chosaint Leanaí

Déanann an Coimisinéir Cúnta, Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta, agus Príomhfheidhmeannach Tusla comhchathaoirleacht ar an gCoiste Náisiúnta Idirchaidrimh Straitéisigh um Chosaint Leanaí, ina bhfuil ionadaithe eile cuí laistigh den dá eagraíocht agus FSS. Is í aidhm an NCSSLC freagairt chomhordaithe éifeachtach a chinntiú idir gníomhaireachtaí chun dúshlán a réiteach laistigh den chóras um chosaint agus leas leanaí.

Oibríonn an Coiste chun barr feabhais a chur ar chomhoibriú ar leibhéal straitéiseach, an méid seo a leanas ina measc:

- ⇒ Comhoiliúint;
- ⇒ Idirchaidreamh áitiúil Tusla/an Gharda Síochána;
- ⇒ Leanaí atá ar iarraidh ó chúram;
- ⇒ Mionaoisigh gan tionlacan;
- ⇒ Grinnfhiosrúchán;
- ⇒ Idirchaidreamh le hoird reiligiúnacha agus deoisí;
- ⇒ Leanaí i gcúram speisialta;
- ⇒ Mí-úsáid leanaí eagraithe.



11. Idirchaidreamh le Tuismitheoirí/ Caomhnóirí

Déanfar gach iarracht fhéideartha chun tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh a choimeád ar an eolas ar fhorbairtí a thagann ar an gcás, seachas nuair a d'fhéadfadh seo an leanbh a chur i mbaol breise go ndéanfar díobháil dó/di nó go gcuirfear bac ar an imscrúdú coiriúil. Caithfear cloí leis na teorainneacha dlíthiúla chun rúndacht a choimeád, faoi mar a dtugtar cuntas air thuas (alt 8). Déanfar gach iarracht chun iontaoibh a chruthú le teaghlaigh atá bainteach i measúnuithe/imscrúduithe ar mhí-úsáid leanaí. D'fhéadfadh seo a bheith fíordhúshlánach faoi na cúinsí an-deacra siúd. Ina ainneoin sin, in go leor cásanna, is féidir caidreamh iontaoibhe a bhunú má chruthaíonn na gairmithe atá bainteach na coinníollacha cearta dá fhorbairt.

Má bhíonn deacracht chumarsáide ag an leanbh nó na tuismitheoirí/caomhnóirí, cuirfear socrúite ar bhun chun cabhrú leo i rith aon agallamh. D'fhéadfadh ateangaire teanga chomharthaíochta, cló mór, téip nó Braille a bheith i gceist leis seo. Dóibh siúd nach é an Béarla a gcéad teanga, déanfar breithniú ar sheirbhísí ateangaire agus, más cuí, cuirfear ar fáil iad.

12. Comh-Shain-Agallóireacht a Dhéanamh ar Leanaí

Ag brath ar shaghas an chiona choiriúil atá á imscrúdú, ceadaítear faoi Alt 16(1) (b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 fístaifeadadh a dhéanamh d'aon ráiteas a dhéanann leanbh faoi 14 bliana d'aois (nó faoi roinnt cúinsí, a dhéanann leanbh faoi 18 mbliana d'aois nó duine d'aon aois atá faoi mhíchumas intleachta) le comhalta den Gharda Síochána nó aon duine eile atá inniúil agus beartaítear an taifeadadh a sholáthar mar fhianaise sa Chúirt.

Forbraíodh saoráidí speisialta chun sainagallaimh a chur ar siúl, anuas ar oiliúint d'Oibrí Sóisialta agus Gardaí a thugann faoi na hagallaimh siúd.

B'fhéidir go dteastóidh comh-shainagallamh a chuirfidh an Garda Síochána agus agallóirí oibre sóisialta ar siúl. Déanfar cinneadh ar cé acu má thugann eagraíocht amháin nó an dá eagraíocht faoin agallamh, sa chás gur féidir, ag an gcéad chruinniú straitéise. Nuair a bhíonn amhras ar bith ann, rachaidh an tOibrí Sóisialta agus an Garda imscrúdaithe i geomhairle lena maoirseoirí faoi seach agus le hagallóirí speisialtóra ón dá ghníomhaireacht.

I gcásanna ina bhfuil imscrúdú á dhéanamh ar dhrochúsáid ghnéasach leanaí nó tuairiscí i leith foréigin nó foréigin faoi bhagairt a n-imscrúdú agus á measúnú, ní dhéanfaidh duine agallamh a chur ar an leanbh nár cuireadh oiliúint air/uirthi mar agallóir speisialtóra.

I gcásanna ina bhfuil measúnú speisialtóra ar dhrochúsáid ghnéasach leanaí ar bun, caithfear luathagallamh ag agallóirí speisialtóra ar na leanaí a nochtann mí-úsáid leanaí a éascú. Laghdóidh roinnt na faisnéise a fhaightear san agallamh seo an gá a bhíonn le hagallaimh iolracha, laghdóidh sé an strus ar an leanbh agus ar a dteaghlach agus cosnóidh sé iomláine ráiteas an linbh d'fhonn gur féidir leis an dá ghníomhaireacht an úsáid is éifeachtaí a bhaint as ar mhaithe le cuspóirí fianaiseacha.

13. Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991

Tá an chumhacht ag an nGarda Síochána leanbh a bhaint go háit shábháilte faoi Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú. Caithfidh go mbíonn forais réasúnta ag an nGarda Síochána lena chreidiúint gurb ann do bhaol láithreach agus tromchúiseach do shláinte/leas an linbh atá i gceist. Caithfidh an Garda Síochána, a luaithe agus is féidir, an leanbh a thabhairt faoi choimeád Tusla.

Ansin tabharfaidh Tusla faoi mheasúnú láithreach ar chúinsí an linbh. Bíonn dhá rogha ansin ag Tusla:

1. An leanbh a thabhairt ar ais do thuismitheoir ag a bhfuil coimeád an linbh nó do dhuine a ghníomhaíonn “in loco parentis”;
2. Iarratas a dhéanamh ar Ordú Cúram Éigeandála an chéad uair eile a shuífidh an Chúirt Dúiche

D'fhorbair an Garda Síochána agus Tusla prótacail bhreise maidir le cleachtadh Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí 1991, arna leasú, úsáid Sheirbhís Lasmuigh d'Uaireanta Éigeandála Tusla (EOHS) ag an nGarda Síochána agus gníomhartha faoi Alt 8(5) d'Acht na nDídeánaithe, 1996.

14. Breithniúcháin Speisialta

14.1 Drochíde sa Teaghlach

Is minic go mbíonn leanaí a bhíonn thíos le teagmhais drochíde sa teaghlach tráraithe agus go mbíonn siad thíos le mí-úsáid mhothúcháinach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh leanaí a chónaíonn in áit ina dtiteann mí-úsáid sa teaghlach amach bheith ina n-íospartaigh mhí-úsáide agus cuirfidh comhaltaí an Gharda Síochána seo san áireamh nuair a dhéanann siad breithniú ar atreorú chuig Tusla. Sainaitheoidh Gardaí cé acu an gcónaíonn nó nach gcónaíonn aon leanaí laistigh den teaghlach. Sa chás go sainaithníonn Gardaí buarthaí féideartha faoi chosaint agus leas leanaí, cuirfear Tusla ar an eolas gan mhoill, faoi mar a leagtar amach in alt 5.

14.2 Teacht i dtír Gnéasach Eagraithe ar Leanaí

Tarlaíonn teacht i dtír gnéasach eagraithe ar leanaí 'nuair a bhogann duine fásta amháin isteach i gceantar nó institiúid agus déanann sé/sí leanaí a sháinniú go córasach ar chuspóirí drochídeacha (gnéasach den chuid is mó) nó nuair a fhéachann beirt daoine fásta nó níos mó chuige chun mí-úsáid a bhaint as leanaí, agus úsáid á baint as spreagadh'.

Féadfaidh teacht i dtír gnéasach eagraithe ar leanaí titim amach trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht gan an leanbh a bheith iomlán eolach air, mar shampla, cuirtear ina luí ar an leanbh íomhánna gnéasacha a chur in airde ar an idirlíon/gutháin phóca.

I ngach cás, bíonn cumhacht acu siúd a thagann i dtír ar an leanbh/duine óg orthu de bhua a n-aoise, inscne, intleachta, láidreachta fisiciúla agus/nó de bhua acmhainní geilleagracha nó eile.

Is éard a bhaineann le teacht i dtír gnéasach eagraithe a leanaí ná cásanna, comhthéacsanna agus caidreamh dúshaothraithe ina dtugtar 'rud éigin' do dhaoine óga (mar shampla bia, cóiríocht, drugaí, alcól, toitíní, gean, bronntanais, airgead) mar chúiteamh ar thabhairt faoi ghníomhaíochtaí gnéasacha agus/nó go dtugann duine nó daoine eile faoi ghníomhaíochtaí gnéasacha orthu.

'Is minic go dtarlaíonn foréigean, iallach agus imeaglú; is éard a bhíonn i gceist le bheith bainteach i gcaidreamh dúshaothraithe, go príomha, ná go mbíonn fáil theoranta ag an leanbh nó an duine óg ar rogha a eascraíonn óna leochaileacht shóisialta/gheilleagrach agus/nó mhothúcháinach' (an Roinn Leanaí, Scoileanna agus Teaghlach, 2009: 9)

Foirm de dhrochúsáid ghnéasach leanaí is ea teacht i dtír gnéasach eagraithe ar leanaí agus áirítear leis meascán den mhéid seo a leanas:

- ⇒ Tosca tarraingthe: tugann leanaí faoi ghnéas mar chúiteamh ar aird, cóiríocht, bia, bronntanais nó drugaí;
- ⇒ Tosca brú: éalaíonn leanaí ó chásanna ina ndéantar faillí ina riachtanais agus go mbíonn siad nochta do dhaoine aonair baolacha;
- ⇒ Rialú: múnlu inchinne, foréigean agus bagairtí i leith foréigin acu siúd a thagann i dtír ar an leanbh.

Bíonn leanaí a dtagtar i dtír go gnéasach orthu thíos, chomh maith, le mí-úsáid fhisiciúil agus mhothúchánach agus le faillí, go minic.

Is minic go mbíonn lagmheas ag leanaí a dtagtar i dtír go gnéasach orthu agus b'fhéidir go mbeidh na saintréithe seo a leanas acu:

- ⇒ Téann siad ar iarraidh go minic agus/nó ó aois óg;
- ⇒ Bulaíocht nó bheith mar íospartach den bhulaíocht ar scoil nó lasmuigh den scoil;
- ⇒ Bhíothas thíos roimhe seo (agus go rialta, amanna) le drochúsáid ghnéasach, faillí agus mí-úsáid fhisiciúil;
- ⇒ Bhíothas nochta d'fhoréigean baile laistigh den teaghlach;
- ⇒ Bhí baint ag an teaghlach i dteacht i dtír gnéasach, drugaí agus alcól;
- ⇒ Úsáid drugaí agus alcóil;
- ⇒ Siomptóim de shuaitheadh mothúchánach, neamhoird, guagacht giúmair agus féindochar;
- ⇒ Baint i ngoid, bradaíocht siopa.

Tarlaíonn go mbíonn buachaillí agus cailíní meallta ag piaraí atá bainteach ann cheana féin chun bheith páirteach i dteacht i dtír gnéasach.

Cuireann fear níos sine iallach, go háirithe, ar chailíní go minic bheith páirteach i dteacht i dtír gnéasach a d'fhéadfadh gníomhú (agus a gcaitheann siad leis) mar a mbuachaill. Is minic go mbíonn an cailín spleách go fisiciúil agus go mothúchánach ar an bhfear seo agus féadfaidh an spleáchas seo a bheith neartaithe ag úsáid alcóil agus drugaí. Le himeacht ama, tarlaíonn go ngearrtar siar ar an méid ama a chaitear lena dteaghlach agus cairde.

Is annamh a bhíonn leanaí a dtagtar i dtír go gnéasach orthu ar na sráideanna agus chuir mealltóireacht leanaí a mbainfear mí-úsáid astu tríd an idirlíon le dofheictheacht an teachta i dtír ghnéasaigh eagraithe ar leanaí.

14.3 Aois Toilithe

Ar mhaithe leis an dlí coiriúil, is í an aois toilithe do ghníomhaíocht gnéasach 17 mbliana. Tá dualgas ar an nGarda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht ghnéasach go léir sa chás go bhfuil leanbh faoi bhun na haoise toilithe agus chun comhad imscrúdaithe a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ba cheart a thabhairt faoi deara, déantar tagairt i gcion an teachta i dtír ghnéasaigh ar leanbh in aghaidh Alt 3(2) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998, arna leasú, do leanaí faoi aois 18 mbliana. Is é an sainmhíniú a thugtar ar theacht i dtír gnéasach ar leanbh:

- (a) cuireadh a thabhairt don leanbh nó é/í a spreagadh nó a mhealladh chun tabhairt faoi striapachas nó pornagrafaíocht leanaí a tháirgeadh;
- (b) striapachas an linbh nó an leanbh a úsáid ar mhaithe le pornagrafaíocht leanaí a tháirgeadh;
- (c) cion a dhéanamh a shonraítear sa Sceideal leis an Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001 in aghaidh an linbh; a ndéanann duine eile an cion sin in aghaidh an linbh dá bharr; nó cuireadh a thabhairt don leanbh nó é/í a mhealladh nó a spreagadh chun an cion sin a dhéanamh in aghaidh duine eile;
- (d) an leanbh a mhealladh nó a spreagadh chun tabhairt faoi nó páirt a ghlacadh in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó graosta;
- (e) cuireadh a thabhairt don leanbh chun tabhairt faoi nó páirt a ghlacadh in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó graosta, a mbeadh cion déanta in aghaidh an linbh, dá ndéanfaí sin, nó
- (f) cuireadh a thabhairt don leanbh nó é/í a spreagadh nó a mhealladh chun féachaint ar aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó graosta ar mhaithe le drochthionchar a imirt ar an leanbh nó é/í a thruailliú
- (g) agus forléireofar ‘teacht i dtír go gnéasach’ dá réir.

I ngach cás, sa chás go dtugtar le fios nó go mbítear in amhras air gur thug leanbh faoi aois 18 mbliana faoi ghníomhaíocht ghnéasach, cuirfear comhairliúchán ar siúl idir Tusla agus an Garda Síochána, ina ndéanfar scrúdú ar gach gné den chás lena dheimhniú an bhfuiltear nó nach bhfuiltear amhrasach i leith teacht i dtír gnéasach nó an líomhnaítear é. Caithfidh an dá ghníomhaireacht an íogaireacht a theastaíonn a aithint chun daoine óga leochaileacha a éascú chun na seirbhísí riachtanacha go léir a fháil, agus na ceanglais ábhartha dhlíthiúla á gcomhlíonadh, i gcomhthráth.

Sa chás gur thit ghníomhaíocht ghnéasach amach idir beirt leanaí, caithfidh measúnuithe agus imscrúduithe a bheith íogair do riachtanais na leanaí agus caithfidh siad aon difríocht ábhartha a chur san áireamh i gcumas nó aibíocht na leanaí agus ar cé acu an caidreamh imeaglaithe nó dúshaothraithe atá i gceist.

14.4 Toircheas faoi Aois

I gcásanna toirchis faoi aois ina mbítear amhrasach faoi nó ina líomhnaítear mí-úsáid agus inar cuireadh Tusla ar an eolas air, caithfidh an Ceann Foirne Oibre Sóisialta laistigh de Tusla an Garda Síochána a chur ar an eolas trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Fógra (Aguisín 2).

I gcásanna nach bhfuiltear in amhras ar mhí-úsáid nó nach líomhnaítear é, rachaidh Tusla i gcomhairle leis an nGarda Síochána chun scrúdú a dhéanamh ar gach gné de na cásanna siúd. Aithníonn an dá ghníomhaireacht an íogaireacht a theastaíonn chun cailíní óga a éascú chun seirbhísí leighis nó teiripeacha a fháil. Tá dualgas ar an nGarda Síochána, áfach, imscrúdú a dhéanamh ar gach tuairisc i leith gníomhaíocht ghnéasach sa chás go mbíonn leanbh faoi bhun na haoise toilithe.

Caithfear cúis shoiléir a thabhairt d'aon chinneadh a dhéanann Oibrí Sóisialta gan an Garda Síochána a chur ar an eolas ar thoircheas faoi aois, agus leas á bhaint as an gcosaint sin a chuimsítear san Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Leochaileacha a Shiarchoinneáil), 2012 gan amhlaidh a dhéanamh agus caithfear seo a chur i dtaifead ar an taifead oibre sóisialta. Má theiptear ar an taifead sin a choimeád go cruinn, d'fhéadfaí baint go mór d'aon chosaint a bhféadfadh go mbeadh ar an Oibrí Sóisialta brath uirthi dá gcuirfí dúshlán rompu níos déanaí faoin gcinneadh seo.

14.5 Nochtadh Siarghabhálach ag Daoine Fásta

Nuair a chuirtear Tusla, an Garda Síochána nó aon seirbhís eile ar an eolas ar nochtadh mí-úsáide líomhnaithe ag duine fásta, is ríthábhachtach go ndeimhníonn Tusla cé acu an ann nó nach ann d'aon riosca reatha d'aon leanbh a bhféadfadh teagmháil a bheith aige/aici leis an duine fásta arb é/í an chúis líomhnaithe bhuartha. Má mheastar gurb ann d'aon riosca, caithfear an fhaisnéis seo a roinnt idir an dá ghníomhaireacht, i ndiaidh na nósanna imeachta um fhógra foirmiúil. Úsáidfear na Foirmeacha Fógra (Aguisín 1 nó Aguisín 2), sa chás gur cuí. Ba cheart fógraí siarghabhálacha faoi mhí-úsáid a sheoladh chuig an bPríomhoibrí Sóisialta san áit ina gcónaíonn an duine a líomhnaítear is cúis le buairt. Cuirfidh Oibríthe Sóisialta a thugann faoi na measúnuithe siúd beartas agus nós imeachta Tusla i bhfeidhm chun nós imeachta cothrom a chinntiú.

Soláthrófar faisnéis ar thacaíochtaí agus sonraí teagmhála do dhaoine fásta a dhéanann nochtadh siarghabhálach i leith mí-úsáid leanaí i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÍospartaigh ón AE 2012.

15. Cosaint Leanaí i mBaol i Limistéir Eile

15.1 Socruithe chun Leanaí a Chosaint atá i mBaol go Leanúnach atá ag Aistriú chuig Limistéir nó Dlínse Eile

Nuair a chreidtear gur bhog teaghlach ina bhfuil le leanaí a measann Tusla nó an Garda Síochána go bhfuil riosca leanúnach rompu, ó cheantar amháin go ceantar eile laistigh den Stát, soláthrófar an fhaisnéis ábhartha d'oifig áitiúil chúil Tusla. Coimeádfaidh Tusla prótacal ar bun chun faisnéis a mhalartú faoi na cúinsí seo, agus breithniúcháin um chosaint sonraí á gcur san áireamh.

Nuair a chreidtear gur bhog teaghlach ina bhfuil le leanaí a measann Tusla nó an Garda Síochána go bhfuil riosca leanúnach rompu, go dlínse eile, soláthrófar an fhaisnéis ábhartha don údarás cuí sa Stát sin. Ar mhaithe le cuspóirí um chosaint leanaí, faoi chúinsí ina mbogann duine a measann Tusla go gcruthaíonn sé/sí riosca do leanaí, go dlínse eile, féadfaidh Tusla na húdaráis um chosaint leanaí sa dlínse sin a chur ar an eolas ar na riosca a chruthaíonn an duine aonair, i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí (féach, chomh maith, Beartas agus Nós Imeachta Tusla um Aistriú Cás Náisiúnta chuig Obair Shóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach).

Seolfar faisnéis faoi leanaí a dteastaíonn cúram agus cosaint uathu a bhogann chuig tíortha eile trí cgomhfhreagraí na hÉireann don Seirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta (ISS), a sheolfaidh an fhaisnéis ar aghaidh chuig an teagmhálaí cuí de chuid an ISS sa tír ábhartha. Chun fáil a bheith agat ar líonra an ISS, caithfear an fhaisnéis ábhartha a sheoladh chuig comhfhreagraí ISS na hÉireann ag:

Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta, Sráid an Teampaill, An Gort, Contae na Gaillimhe, Éire. Guthán: +353 (91) 632 701 Ríomhphost: iss@tusla.ie


15.2 Socruithe chun Leanaí a Chosaint atá i mBaol a thagann go hÉirinn ar Imirce ó Dhlínse Eile


Seolfar faisnéis a fuarthas ón tSeirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta (an ISS) ar leanaí óna dteastaíonn cúram agus cosaint a thagann go hÉirinn ó áit thar lear ar aghaidh trí chomhfhreagraí ISS na hÉireann ag an seoladh a thugtar thuas.

Nuair a chuirtear Tusla nó an Garda Síochána ar an eolas gur bhog leanaí a meastar atá i mbaol isteach chuig a gceantar áitiúil, caithfear dul i mbun na nósanna imeachta fógartha láithreach. Cuirfear plé straitéise agus cruinniú straitéise, más gá, ar bun idir Tusla agus an Garda Síochána chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha agus chun comhaontú a dhéanamh ar aon ghníomhartha riachtanacha.

16. Athbhreithniú

Déanfaidh an Garda Síochána agus Tusla comh-athbhreithniú ar an gcáipéis phrótacail seo gach bliain. Eiseofar tuarascáil ar an athbhreithniú don Choiste Náisiúnta Idirchaidrimh Straitéisigh um Chosaint Leanaí.

Sínithe:  Coimisinéir Cúnta
(John O'Driscoll) An Garda Síochána

Sínithe:  Príomhoifigeach Oibríochtaí
(Jim Gibson) Tusla – An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach


Date: An 6 Nollaig 2017

Aguisíní

Aguisín 1

Léiriú amhairc é seo ar an bhfoirm amháin. Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil ó Mhol Tusla.

FOIRM FÓGRA AN GHARDA SÍOCHÁNA DON GHNÍOMHAIREACHT UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH



(Chun Buarthaí um Chosaint agus Leas Leanaí a Fhógairt)

Chuir Príomhoibrí Sóisialta um Chosaint Leanaí na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach:

1. An Garda Tuairiscithe

Ainm		Uimhir Ghutháin	
Ceantar an Gharda Síochána		Ríomhphost	
Email		Uimhir Aitheantais PULSE	
Sínithe		An Dáta a Rinneadh an Fógra	

Saghas na Tuairisce (cuir tic amháin leis)

Tuairisc Shainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ⁴	<input type="checkbox"/>
Mí-úsáid amhrasta a thuirisciú faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (2017) ⁵	<input type="checkbox"/>
Buairt faoi leas leanaí ⁶ faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (2017)	<input type="checkbox"/>

2. Sonraí faoin Leabhn/Gearánaí

Ainm		Inscne	Fireann <input type="checkbox"/> Baineann <input type="checkbox"/>
Seoladh		Dáta Breithe	Aois
		Scoil	
Ailias		Seoladh teagmhála (más éagsúil)	
Guthán			

⁴ Ba cheart tuairisce a dhéanamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 sa chás go ndéanann an t-ionsaí, an drochíde nó an faillí atá á thabhairt le fios difear tromchúiseach, nó más dóchúil go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach, do shláinte, forbairt nó leas an linbh. Ba cheart drochúsáid ghnéasach amhrasta leanaí go léir a thuirisciú faoin Acht.

⁵ Ba cheart tuairisciú a dhéanamh faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí* (2017) sa chás nach mbaintear amach an tairseach do thuirisciú sainordaithe ach gurb ann do 'forais réasúnta a bheith buartha' go bhfuil, go raibh nó gur dóchúil go mbeidh leabhn thíos le mí-úsáid nó faillí.

⁶ Ní bhaineann buarthaí faoi leas leanaí an tairseach 'forais réasúnta a bheith buartha' amach, ach b'fhéidir go dteastóidh tacaíocht ón leabhn agus ón teaghlach.

3. An bhfuil cur amach ag na Tuismitheoirí ar an Tuairisc?

Tá Níl N/B

An eol do thuismitheoirí/chaomhnóir an linbh go bhfuil an bhuaire seo á tabhairt le fios don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach?

Tuismitheoir 1

Tuismitheoir 2

Nótaí Tráchtá

4. Saghas na mí-úsáide amhrasta (Cuir tic le ceann amháin, le do thoil)

Faillí Mí-Úsáid Fhisiciúil Mí-Úsáid Mhothúcháin⁷ Drochúsáid Ghnéasach

An bhfuil teagmhas drochíde sa teaghlach bainteach leis an ábhar buartha?

Tá Níl

An bhfuil an líomhain/nochtadh siarghabhálach (a dhéanann duine fásta i leith mí-úsáide i rith aois an pháiste)?

Tá Níl

5. Sonraí faoin Tuairisc

(Sonraí faoin mbuaire/na buarthaí), líomhain(tí) nó dátaí teagmha(i)s, amanna, cé a bhí i láthair, cur síos ar aon díobhálacha a tugadh faoi deara, tuairim(i) an tuismitheora, tuairim(i) an linbh, más eol. Ceangail bileoga breise, más gá)

An bhfuil aon bhuarthaí ann maidir le leanaí eile nó le híospartaigh líomhnaithe? Tá Níl

Má tá, tabhair sonraí, le do thoil:

6. Sonraí faoin duine/daoine a líomhnaítear is cúis le buairt

An gaol leis an leanbh Aois Inscne F B

Ainm Gairm Bheatha

Seoladh

An bhfuil an duine a líomhnaítear is cúis le buairt ar an eolas ar an bhfógra seo? Tá Níl

7. Sonraí faoin duine a thug na buarthaí le fios do na Gardaí

Ainm Gaol leis an leanbh/íospartach líomhnaithe

Seoladh Guthán

Ríomhphost

Dáta an Tuairiscithe

⁷ Bainneann gné de dhrochíde mhothúcháin leis an mí-úsáid go léir; ba cheart an chatagóir seo a úsáid nuair is í an phríomhfhóirm de mhí-úsáid amhrasta nó an t-aon fhóirm di.

8. An Gníomh a Rinneadh

(Sonraí faoi aon ghníomhartha a rinneadh nó faisnéis a mbeidh ar an Roinn Oibre Sóisialta a bheith ar an eolas uirthi nuair a thugtar faoi mheasúnú)

9. Caidreamh

Sonraí faoi Thuismitheoir/Chaomhnóir 1		Sonraí faoi Thuismitheoir/Chaomhnóir 2	
Ainm		Ainm	
Seoladh (más éagsúil ó sheoladh an linbh)		Seoladh (más éagsúil ó sheoladh an linbh)	
Guthá(i)n:		Guthá(i)n	
Caomhnóir Dlíthiúil		Caomhnóir Dlíthiúil	

10. An Garda Imscrúdaithe

Ainm		Ríomhphost	
Address		Guthá(i)n	
		Dáta	

11. Sonraí faoin Oifigeach Ainmnithe Garda:

Ainm		Céim	
Address		Guthá(i)n	
		Ríomhphost	
Sínithe		Dáta	

12. Aon fhaisnéis eile

Is leis an nGarda Síochána an fhoirm seo i gcónaí agus níor cheart d'aon tríú páirtí í a chóipeáil gan cead sainráite a bheith faighte acu ón nGarda Síochána.

Caithfidh bainisteoir oibre sóisialta Tusla litir aitheantais ina soláthraítear ainm agus sonraí teagmhála an oibrí shóisialta shannta a sheoladh ar ais le casadh an phoist chuig Ceannfort áitiúil an Gharda Síochána.

Nótaí Treorach

Treoir Ghinearálta ar an bhFoirm a Úsáid

- ⇒ Níl ach comhaltaí an Gharda Síochána leis an bhfoirm seo a chomhlánú.
- ⇒ Tá an fhoirm seo le seoladh ar aghaidh chuig an bPríomhoibrí Sóisialta i Limistéar Tusla san áit a gcónaíonn an leanbh. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála do gach oifig oibre sóisialta Tusla ag <http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker>.
- ⇒ Ba cheart tuairiscí siarghabhálacha faoi mhí-úsáid a sheoladh chuig an bPríomhoibrí Sóisialta san áit ina gcónaíonn an duine a líomhnaítear is cúis le buairt.
- ⇒ Chun teacht ar bhreis faisnéise faoi cathain úsáid a bhaint as an mbosca 'leas', féach *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí* (Ich 45, 'Buarthaí óna dteastaíonn seirbhísí tacaíochta teaghlaigh').
- ⇒ Lena chinntiú go n-úsáideann tú an leagan is déanaí den fhoirm seo, ná stóráil foirmeacha bána ar do ríomhaire pearsanta nó ríomhaire glúine. Nuair is gá, ba cheart na foirmeacha seo a íoslódáil ó Thairseach an Gharda Síochána.
- ⇒ Chun cabhair a fháil le haon mhír, roghnaigh an bosca comhlánaithe agus brúigh F1 nó féach an barra stádais ag bun do scáileáin.

Réimse roghnaithe

Bosca cabhrach F1


Cabhair leis an mBarra Stádais

- ⇒ Chun do bhealach a dhéanamh tríd an bhfoirm, úsáid an eochair TAB chun bogadh ar aghaidh chuig an gcéad réimse eile agus brúigh CTRL+TAB chun bogadh siar réimse amháin. Is féidir leat cliceáil go díreach isteach in aon bhosca comhlánaithe, chomh maith. Beidh ort dé-chliceáil ar bhoscaí nuair a bhíonn téacs réamhshocraithe iontu.
- ⇒ Cuir tagairt uathúil taifid san áireamh nuair a shábhálann tú foirmeacha comhlánaithe.
- ⇒ Caithfidh foirmeacha a bheith sínithe ag an Oifigeach Sainithe Garda sula seoltar ar aghaidh iad chuig Príomhoibrí Sóisialta Tusla.
- ⇒ Úsáid foirm amháin in aghaidh an linbh.

Aguisín 2

Léiriú amhaire é seo ar an bhfoirm amháin. Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil ó Thairseach an Gharda Síochána.

FOIRM FÓGRA NA GNÍOMHAIREACHTA UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH DON GHARDA SÍOCHÁNA



(Chun Buarthaí um Chosaint Leanaí a Fhógairt)

Chuig an gCeannfort Garda:

1. Sonraí faoin Oibrí Sóisialta a thugann an Bhuairt/na Buarthaí le fios

Ainm		Guthán	
Oifige Oibre Sóisialta na Gníomhaireachta		Ríomhphost	
Seoladh		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
		An Dáta a Rinneadh an Fógra	

2. Sonraí faoin Leanbh /nGearánaí

Ainm		Inscne	Fireann <input type="checkbox"/>	Baineann <input type="checkbox"/>
Seoladh		Dáta Breithe	Aois	
		Scoil		
Ailias		Seoladh comhfhreagrais (más éagsúil)		
Guthán		Guthán Póca		

3. An bhfuil cur amach ag na Tuismitheoirí ar an Tuairisc?

Tá Níl N/B

An eol do thuismitheoirí/chaomhnóir an linbh go bhfuil an bhuairt seo á tabhairt le fios don Garda Síochána?

Máthair
Athair

Nótaí Tráchtta

4. Foirm(eacha) de mhí-úsáid amhrasta (is féidir tic a chur le breis agus ceann amháin)

Faillí Mí-Úsáid Fhísiciúil Mí-Úsáid Mhothúchánach Drochúsáid Ghnéasach

An bhfuil an líomhain/nochtadh siarghabhálach (a dhéanann duine fásta i leith mí-úsáide i rith aois an pháiste)?

Tá Níl

An mbaineann teagmhas drochíde sa teaghlach leis an ábhar buartha?

Baineann Ní bhaineann

5. Sonraí faoin Tuairisc

(Sonraí faoin mbuairt/na buarthaí), líomhain(tí) nó dátaí teagmha(i)s, amanna, cé a bhí i láthair, cur síos ar aon díobhálacha a tugadh faoi deara, tuairim(i) an tuismitheora, tuairim(i) an linbh, más eol. Ceangail bileoga breise, más gá)

An bhfuil aon bhuarthaí ann maidir le leanaí eile nó le híospartaigh líomhnaithe fhásta?
Tá Níl

Má tá, tabhair sonraí, le do thoil:

6. Sonraí faoin duine/daoine a líomhnaítear is cúis le buairt

An gaol leis an leanbh	Aois	Inscne	F <input type="checkbox"/>	B <input type="checkbox"/>
Ainm	Gairm Bheatha			
Seoladh				

An bhfuil an duine a líomhnaítear is cúis le buairt ar an eolas ar an bhfógra seo? Tá Níl

An gaol leis an leanbh	Aois	Inscne	F <input type="checkbox"/>	B <input type="checkbox"/>
Ainm	Gairm Bheatha			
Seoladh				

An bhfuil an duine a líomhnaítear is cúis le buairt ar an eolas ar an bhfógra seo? Tá Níl

7. Sonraí faoin duine a thug na buarthaí le fios do na Gardaí

Ainm	Gaol leis an leanbh/ Íospartach líomhnaithe
Seoladh	Guthán
	Ríomhphost
Dáta an tuairiscithe	

8. An Gníomh a Rinneadh

(Sonraí faoi aon ghníomhartha a rinneadh nó faisnéis a mbeidh ar an nGarda Síochána a bheith ar an eolas uirthi nuair a thugtar faoi imscrúdú)

--

9. Caidreamh

Sonraí faoin Máthair		Sonraí faoin Athair	
Ainm		Ainm	
Seoladh (más éagsúil ó sheoladh an linbh)		Seoladh (más éagsúil ó sheoladh an linbh)	
Guthá(i)n:		Guthá(i)n:	
Caomhnóir Dlíthiúil		Caomhnóir Dlíthiúil	

10. Comhdhéanamh an Teaghlaigh

Ainm	Gaol	Ríomhphost	Dáta Breithe	Faisnéis Bhreise, e.g. Scoil/Gairm Bheatha/Eile

11. Sonraí faoin bPríomhoibrí Sóisialta:

Ainm		Ríomhphost	
Seoladh		Guthá(i)n	

12. Details of Principal Social Worker

Ainm		Grád	
Seoladh		Guthá(i)n	
		Ríomhphost	
Sínithe		Dáta	

13. Aon fhaisnéis eile

Caithfidh an Ceannfort Garda litir aitheantais ina soláthraítear ainm agus sonraí teagmhála an Gharda leithdháilte a sheoladh ar ais le casadh an phoist chuig Príomhoibrí Sóisialta Tusla a rinne an tuairisciú.

Nótaí Treorach

Treoir Ghinearálta ar an bhFoirm a Úsáid

- ⇒ **Níl an fhoirm seo le comhlánú ach ag foireann Oibre Sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.**
- ⇒ **Tá an fhoirm seo le seoladh ar aghaidh chuig an gCeanntort Garda i gCeantar ábhartha an Gharda Síochána.**
- ⇒ Lena chinntiú go n-úsáideann tú an leagan is déanaí den fhoirm seo, **ná stóráil foirmeacha bána ar do ríomhaire pearsanta nó ríomhaire glúine.** Nuair is gá, ba cheart na foirmeacha seo a íoslódáil ó Mhol Tusla.
- ⇒ Chun cabhair a fháil le haon mhír, roghnaigh an bosca comhlánaithe agus brúigh F1 nó féach an barra stádais ag bun do scáileáin.


The image shows a screenshot of a notification form titled 'CHILD AND FAMILY AGENCY to AN GARDA SÍOCHÁNA NOTIFICATION FORM'. The form is divided into three main sections: 'A. To Garda Superintendent:', '1. Details of Social Worker Notifying Concern(s)', '2. Details of Child / Complainant', and '3. Parents Aware of Report'. A 'Help' dialog box is open over the form, displaying the text 'Help Enter your name here' and an 'OK' button. Three callout boxes are present: 'Réimse roghnaithe' points to the first section, 'Cabhair leis an mBarra Stádais' points to the Windows taskbar at the bottom, and 'Bosca cabhrach F1' points to the 'Help' dialog box.

- ⇒ Chun do bhealach a dhéanamh tríd an bhfoirm, úsáid an eochair TAB chun bogadh ar aghaidh chuig an gcéad réimse eile agus brúigh CTRL+TAB chun bogadh siar réimse amháin. Is féidir leat cliceáil go díreach isteach in aon bhosca comhlánaithe, chomh maith. Beidh ort dé-chliceáil ar bhoscaí nuair a bhíonn téacs réamhshocraithe iontu.
- ⇒ Cuir tagairt uathúil taifid san áireamh nuair a shábhálann tú foirmeacha comhlánaithe.
- ⇒ Caithfidh foirmeacha a bheith sínithe ag an Príomhoibrí Sóisialta Tusla sula seoltar ar aghaidh iad chuig an gCeanntort Garda.
- ⇒ Úsáid foirm amháin in aghaidh an linbh.

Appendix 3

Léiriú amhaire é seo ar an bhfoirm amháin. Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil ó Thairseach an Gharda Síochána agus ó Mhol Tusla.

AN GHNÍOMHAIREACTH UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH/AN GARDA SÍOCHÁNA FOIRM GHNÍOMHARTHA



Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí

Cuid 1: Taifead ar Ghníomhartha an Gharda Síochána – na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach

Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach		Uimhir Aitheantais PULSE	
An té a cuireadh ar an eolas		An té a rinne an fhógairt	
Dáta a fuarthas an fhógairt fhoirmiúil			

2. Sonraí faoin Leabh/nGearánaí

Ainm		Inscne	Fireann <input type="checkbox"/>	Baineann <input type="checkbox"/>
Seoladh		Dáta Breithe	Aois	
		Scoil		
Alias		Seoladh comhfhreagrais (más éagsúil)		
Guthán		Guthán Póca		

3. Form(s) of abuse suspected

Faillí Mí-Úsáid Fhísiciúil Mí-Úsáid Mhothúchánach⁸ Drochúsáid Ghnéasache

An bhfuil an líomhain/nochtadh siarghabhálach (a dhéanann duine fásta i leith mí-úsáide i rith aois an pháiste)?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
An mbaineann teagmhas drochíde sa teaghlach leis an ábhar buartha?:	Baineann <input type="checkbox"/>	Ní bhaineann <input type="checkbox"/>

4. Pearsanra Sainithe (Children First – Section 7.2)

Garda Sainithe

Ainm		Ríomhphost	
Seoladh		Guthá(i)n	
Dáta an leithdháilte			

Designated Social Worker

Ainm		Ríomhphost	
Seoladh		Guthá(i)n	
Dáta an leithdháilte			

⁸ Baineann gné de dhrochíde mhothúchánach leis an mí-úsáid go léir; ba cheart an chatagóir seo a úsáid nuair is í an phríomhfhoirm de mhí-úsáid amhrasta nó an t-aon fhoirm di.

5. Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh

Sáirsint/Cigire Idirchaidrimh

Ainm		Ríomhphost	
Seoladh		Guthá(i)n	

Ceann Foirne/Príomhoifigeach Obair Shóisialta Idirchaidrimh

Ainm		Ríomhphost	
Seoladh		Guthá(i)n	

Cuid 2: Plé Straitéise ar Fhógairt a Fháil

Lá		Dáta	
Am		Láthair	
Garda		Oibrí Sóisialta	

An té a ghlac leis an bhfreagracht as cuairt a thabhairt ar an leanbh	<i>(Ainm, Post)</i> Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
---	---

An ndéanann an plé straitéise seo plé ar shaincheisteanna a bhaineann le teaghlach leanaí?	Déanann <input type="checkbox"/>	Ní dhéanann <input type="checkbox"/>
--	----------------------------------	--------------------------------------

Má dhéanann, tabhair ainm agus aitheantóir uathúil do gach leanbh, le do thoil. **Caithfead an leathanach seo, nuair a chomhlánófar é, a chóipeáil agus a chur i dtaifead aonair gach linbh**

Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	
Ainm		Aitheantóir Uathúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach	

Idirghabháil Éigeandála i gceist?		Bhí <input type="checkbox"/>	Ní raibh <input type="checkbox"/>
Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 i gceist?		Bhí <input type="checkbox"/>	Ní raibh <input type="checkbox"/>
Má Bhí, iarratas déanta ag		Uimh. Chláraithe	
Cúis leis an gcinneadh		Dáta gairthe	
Ordú Chúram Éigeandála i gceist?		Bhí <input type="checkbox"/>	Ní raibh <input type="checkbox"/>
Má Bhí, iarratas déanta ag		Dáta a rinneadh an t-iarratas	
Cúis leis an gcinneadh			
Ar éirigh leis an iarratas	D'éirigh <input type="checkbox"/>	Níor éirigh <input type="checkbox"/>	
Scrúdú Dochtúra a Theastaigh⁹		Bhí <input type="checkbox"/>	Ní raibh <input type="checkbox"/>
An ndearnadh teagmháil leis an nGarda	Rinneadh <input type="checkbox"/> Ní dhearnadh <input type="checkbox"/>	Cúis	
Dáta		Am	
Cén áit			
Cathain			
Gníomh Eile		Bhí <input type="checkbox"/>	Ní raibh <input type="checkbox"/>
Cé a rinne seo			
Tabhair sonraí ar ghníomhartha, le do thoil			
Cuid 3: Cruinniú Straitéise (Children First – Section 5.7)			
Tionólta ag		<i>(Ainm, Post)</i>	
		Tusla - an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	
Lá		Dáta	
Am		Láthair	
I láthair:			
Ainm	Grád/Céim	Gníomhaireacht	

⁸ Má d'éirigh – an raibh Fearas Fianaise Fóiréinsí do Chionta Gnéasacha an Gharda Síochána ag teastáil.

Cinntí an Chruinnithe Straitéise. Comhlánaigh mar is cuí.

Children First Guidance 5.7.4	Gníomh	Cé a rinne é	Cúis leis an ngníomh	Dáta críche an ghnímh	Dáta a d'athbhreithnigh an Fhoireann Bhainistíochta Idirchaidrimh é
Faisnéis a roinneadh					
Faisnéis a roinneadh					
Faisnéis a roinneadh					
Gníomh láithreach chun leanbh a chosaint					
Agallamh faoi Alt 16(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992					
Roghanna dlíthiúla					
Luath-idirghabháil					
Cosaint/Tacaíochtaí don leanbh					
Foinsí faisnéise					
Fiosrúcháin bhreise					
Plean comhaontaithe do na socruithe obair idirchaidrimh eile					

Garda Sainithe		Oibrí Sóisialta Sainithe	
Priontáil an t-ainm		Priontáil an t-ainm	
Sínithe		Sínithe	
Dáta		Dáta	

Más ann do níos mó ná cruinniú straitéise amháin, tá foirm nua ag Cuid 3 le comhlánú i ngach cás.

Cuid 4: Dúnadh an Taifid ar Idirchaidreamh an Gharda Síochána - na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach

Comhad seolta chuig an DPP	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>	Cinneadh an DPP	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Táillí	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>	Dáta an láithris tosaigh cúirte	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Toradh deiridh cúirte	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>			

An chúis a dúnadh an Taifead ar Idirchaidreamh an Gharda Síochána - na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach


--

Garda Sainithe		Oibrí Sóisialta Sainithe	
Priontáil an t-ainm		Priontáil an t-ainm	
Sínithe		Sínithe	
Dáta		Dáta	

Cigire/Sáirsint - Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh		Ceann Foirne - Foireann Bhainistíochta Idirchaidrimh	
Priontáil an t-ainm		Priontáil an t-ainm	
Sínithe		Sínithe	
Dáta		Dáta	

Treoir Ghinearálta ar an bhFoirm a Úsáid

- ⇒ **Níl an fhoirm seo le comhlánú ach ag foireann Oibre Sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach. Ba cheart tosú leis an bhfoirm seo a chomhlánú i ndiaidh go bhfaightear fógra ón nGarda Síochána nó i ndiaidh gur sheol an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach foirm fógra.**
- ⇒ **Úsáidtear an fhoirm seo chun gach gníomh comhaontaithe idir an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus an Garda Síochána a chur i dtaifead nuair a bhíonn cásanna fógartha de mhí-úsáid leanaí amhrasta a mheasúnú/a imscrúdú - bíodh mí-úsáid stairiúil nó reatha i gceist.**
- ⇒ **Bíonn máistirchóip den Fhoirm Ghnímh á sealbhú ag Oibrí Sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach. Comhlánaíonn Oibrí Sóisialta na Gníomhaireachta an taifead agus déantar é a chóipeáil go leictreonach chuig an nGarda ag gach céim athbheithnithe chun an taifead a dheimhniú.**



- ⇒ Lena chinntiú go n-úsáideann tú an leagan is déanaí den fhoirm seo, **ná stóráil foirmeacha bána ar do ríomhaire pearsanta nó ríomhaire glúine**. Nuair is gá, ba cheart na foirmeacha seo a íoslódáil ó Mhol Tusla nó ó Thairseach an Gharda Síochána.
- ⇒ Chun cabhair a fháil le haon mhír, roghnaigh an bosca comhlánaithe agus brúigh F1 nó féach an barra stádais ag bun an scáileáin.
- ⇒ Chun do bhealach a dhéanamh tríd an bhfoirm, úsáid an eochair TAB chun bogadh ar aghaidh chuig an gcéad réimse eile agus brúigh CTRL+TAB chun bogadh siar réimse amháin. Is féidir leat cliceáil go díreach isteach in aon bhosca comhlánaithe, chomh maith.
- ⇒ Go ginearálta, tá foirm amháin le húsáid in aghaidh an linbh. Is féidir Cuid 2 a úsáid chun plé straitéise a chur i dtaifead i ndáil le líon leanáí laistigh de theaghlach. Sa chás go bhfuil seo riachtanach, caithfear Cuid 2 a chóipeáil isteach i gcomhad aonair gach linbh.
- ⇒ Féadfaidh ceachtar gníomhaireacht Foirm na nGníomhartha a dhúnadh nuair a thug ceachtar gníomhaireacht an bhaint a bhí acu leis an leanbh/teaghlach chun críche (féach Cuid 4 thuas). **Nóta:** Ní chuireann seo cosc ar chuireadh a thabhairt do Gharda freastal ar chruinniú straitéise a thionólfar ina dhiaidh sin mar chuid den phróiseas leanúnach oibre sóisialta agus ní gá Foirm Ghnímh bhreise a atosú sa chás seo.

Children
First



TUSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency